




An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

Tuarascáil Bhliantúil

2023





Ábhar.

Réamhrá ón Aire.	4
Brollach an Ard-Rúnaí.	6
Ár Misean a Sheachadadh.	8
Achoimre Fheidhmeach.	9
Fís, Misean, Luachanna.	16
Bord Bainistíochta na Roinne agus Struchtúr na Rannóige.	17
Cairt Eagraíochta.	18
Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne.	19
Ráiteas ó Straitéis 2023-2025.	20
Sprioc Straitéiseach 1: Fostaíocht iomlán a choinneáil agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chinntiú.	21
Sprioc Straitéiseach 2: An t-aistriú glas agus digiteach a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht fiontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú.	32
Sprioc Straitéiseach 3: Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ar ardchaighdeán, comhionannas inscne agus uilechuimsitheacht san ionad oibre a chur chun cinn.	39
Sprioc Straitéiseach 4: Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit le gnó a dhéanamh.	43
Sprioc Straitéiseach 5: Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeán mhaireachtála agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh.	50
Sprioc Straitéiseach 6: Roinn nuálach agus lúfar a fhorbairt le héiteas láidir seirbhíse poiblí a spreagann cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais.	57
Aguisín 1: Billí a Achtaíodh in 2023.	63
Aguisín 2: Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2023.	64
Aguisín 3: Soláthar Poiblí Glas.	67

Réamhrá ón Aire.



In 2023, bhí ról lárnach ag mo Roinnse in éineacht leis na hOifigí agus na Gníomhaireachtaí atá faoinár gcoimirce maidir le fás eacnamaíoch a éascú agus le cruthú fiontair agus fostaíocht ardchaighdeáin, inbhuanaithe ar fud na hÉireann.

Tá an líon is mó daoine riamh fostaithe againn, cothromaíocht dhearfach trádála agus fás ar fud na réigiún. Tá poist inbhuanaithe ardchaighdeáin á seachadadh ag ár mbeartais mar atá leagtha amach i bPáipéar Bán an Rialtais ar Fhiontraíocht trí nuálaíocht agus táirgiúlacht a mhéadú. Tá an trádáil agus an iomaíochas náisiúnta á neartú ag ár gcuid oibre. Táimid ag tacú le fiontraithe, ag éascú infheistíochta, ag cur margaí iomaíocha chun cinn, ag cosaint cearta fostaíochta agus ag cinntiú go bhfuil ionaid oibre sábháilte.

Trí raon beart in 2023 thacaigh mo Roinn le gnó i ngach réigiún agus gach earnáil déileáil leis na dúshlán a bhaineann le costais fuinnimh ardaithe agus coinníollacha geopholaitiúla dúshlánacha, lena n-áirítear tacaíocht deontais agus scéim ráthaíochta iasachta nua lena n-áirítear Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine agus scéim na hlasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta a chabhraigh tuilleadh le gnó.

Ba phríomhfhócas in 2023 é cabhrú le gnólachtaí nuálaíocht, dícharbónú agus borradh a chur faoin bhfeidhmíocht trí chlaochlú digiteach. Leithdháileadh breis is €76 milliún faoin gCiste Nuálaíochta Teicneolaíochtaí Suaite. Lean an Roinn ar aghaidh ag maoiniú cistí um oiriúnú aeráide agus aistrithe glas agus seoladh an Ciste Trasdula Digiteach ilbhliantúil de €85m freisin. Chomh maith lenár rannchuidithe suntasacha leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus leis an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta, chuireamar straitéisí dírithe ar an todhchaí chun cinn chun Gaoth Eischósta agus Cnuasú a fhorbairt.

Chun a chinntiú go lean ár gcomhlachtaí rialála agus forfheidhmithe ag seachadadh do thomhaltóirí, d'fhostóirí agus d'fhostaithe, chuir mo Roinn reachtaíocht shuntasach chun cinn in 2023 maidir le cosaint tomhaltóirí, díobhálacha pearsanta, cearta fostaíochta, dlí cuideachtaí agus rialuithe trádála. Leanaimid lenár straitéis Trádála agus Infheistíochta a chur i bhfeidhm a chinntíonn go bhfuil ár ngeilleagar oscailte atá cairdiúil don ghnó i riocht maith chun leas a bhaint as líonra Chomhaontuithe Saorthrádála an AE agus deiseanna nua trádála.

Mar Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta is é an fócas aonair atá agam ná cur leis an bhfeidhmíocht láidir seo. Táimid ag déanamh dul chun cinn i réimsí cosúil le dícharbónú, digitíú, agus nuálaíocht agus is ábhar misnigh é an dul chun cinn atá déanta cheana féin maidir lenár n-uailmhianta do gheilleagar athléimneach, inbhuanaithe agus cothrom ar bhonn réigiúnacha a bhaint amach sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht.

Mar sin féin, creidim gur féidir linn agus go mbeidh orainn níos mó a dhéanamh. Tuigim go maith go bhfuil deacrachtaí ag go leor gnólaigh mar gheall ar an gcostas a bhaineann le gnó a dhéanamh. Agus é seo san áireamh ó ceapadh mé tá iarrtha agam ar mo Roinn béim níos mó a chur ar bhearta a chabhróidh le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le micrifhiontair go háirithe na dúshlán a bhaineann le costais mhéadaithe a mhaolú.

Ó ceapadh mé, tá díograis agus tiomantas na bainistíochta sinsearaí agus fhoireann na Roinne tar éis dul i bhfeidhm orm. Agus Tuarascáil Bhliantúil 2023 á cur i láthair, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ard-Rúnaí Hughes agus leis an Dr Orlaigh Quinn a d'éirigh as an ról in 2023. Is mian liom ómós a thabhairt do cheannaireacht mo chomhghleacaí Simon Coveney TD, a rinne, mar a léiríonn an tuarascáil seo go soiléir, méid ollmhór oibre a sheachadadh le linn a thréimhse mar Aire. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na hAirí Neale Richmond TD agus do Dara Calleary TD as a gcion suntasach in 2023.



Peter Burke TD

An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Brollach an Ard-Rúnaí.



Seo an chéad tuarascáil bhliantúil a cuireadh ar fáil faoi ráiteas straitéise na Roinne 2023-2025. Faoin straitéis seo is í an fhís atá againn ná Éire a shocrú mar an áit is fearr le go n-éireoidh le gnó, le fiontair bheoga, níos mó fostaíochta ar ardchaighdeán, trádáil atá ag fás, ionaid oibre cothroma agus táirgiúlacht níos airde. In 2023, faoi stiúir na nAirí Coveney, Calleary agus Richmond, tá áthas orm a thuairisciú go ndearnamar dul chun cinn suntasach i dtreo na físe seo a bhaint amach.

Léiríonn sonraí an Phríomh-Oifig Staidrimh go raibh 89,600 duine sa bhreis i bhfostaíocht i R4 2023 i gcomparáid le bliain roimhe sin, le fostaíocht iomlán ag an líon is airde riamh de 2.7 milliún. Ó 2019 i leith is i ngníomhaíochtaí sláinte agus oibre sóisialta, TFC, gairmiúla, eolaíochta, breis is leath de na poist a cruthaíodh. I dtéarmaí cáilíochta, is forbairt dhearfach é fás fostaíochta níos airde ar phoist inbhuanaithe in earnálacha le meántuilleamh seachtainiúil agus os cionn an mheáin de réir mar a théann an gilleagar agus oibrithe i dtreo gníomhaíochtaí ar luach níos airde.

Is creidiúint é fás fostaíochta marthanach na hÉireann do thiomantas agus nuálaíocht fostóirí agus fostaithe ar fud na tíre a fhaigheann tacaíocht ó obair na Roinne seo agus ár n-oifigí agus ár ngníomhaireachtaí. Leanamar ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir le méadú ar ráta na ngnólaíochtaí nuathionscanta sa gheilleagar agus i leibhéil táirgiúlachta ar fud na n-earnálacha go léir. Thuairiscigh Fiontraíocht Éireann (EI), GFT Éireann, agus na hOifigí Fiontair Áitiúla torthaí fostaíochta láidre in 2023. Sheachaid cliantchuideachtaí FÉ 15,530 post nua agus chruthaigh cliantchuideachtaí OFÁ 6,640 post nua. Thaifead FÉ méadú ar líon na gcuideachtaí móra onnmhairithe Éireannacha agus ar líon na ngnólaíochtaí nuathionscanta ardacmhainn a fhaigheann tacaíocht ó FÉ, chomh maith le fás táirgiúlachta ar fud na bhfiontar faoi úinéireacht Éireannach. Thuairiscigh IDA 248 infheistíocht in Éirinn agus táthar ag súil go gcuirfidh siad beagnach 19,000 post ar fáil don gheilleagar. In 2023, tháinig méadú freisin ar chaiteachas cliant GFT Éireann. Ina theannta sin, baineadh amach spriocanna maidir le forbairt chothrom ar bhonn réigiúnacha le linn 2023, le 53% de na hinfheistíochtaí IDI ar fad lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus 68% de phoist nua cruthaithe i ngnólaíochtaí a fuair cúnamh ó FÉ lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Príomhfhócas beartais dár Roinn in 2023 ab ea cur i bhfeidhm Pcar Bán an Rialtais ar Fhiontraíocht chun a chinntiú go n-éireoidh le gnólaíochtaí in Éirinn trí bhuntáiste iomaíoch bunaithe ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus táirgiúlacht, ag seachadadh poist agus slite beatha fiúntacha. Tá an-bhéim curtha ag ár Roinn ar thacú le gnóthais an dá aistriú a dhéanamh sa dícharbónú agus sa digitiú. Tá maoiniú gnó méadaithe againn le haghaidh infheistíochtaí glasa – mar shampla tríd an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaithe agus an Ciste Trasdula Glas – mar aon le tacaíocht do sholáthar oiliúna i scileanna glasa rithabhachtacha, agus foilsíú ár gcéad Phlean Gníomhaíochta Bithgheilleagair Náisiúnta agus forbairt ár Straitéise Náisiúnta do Gaoth Amach ón gCósta. Chun tacú le teicneolaíochtaí digiteacha agus le fiontraíocht nuálaíoch, tá 85% de FBManna ag an mbundéine digiteach anois, agus tá ceithre Mhoil Eorpacha um Nuálaíocht Dhigiteach ag feidhmiú go hiomlán in Éirinn anois. Tá cistí nua seolta againn chun nuálaíocht shuaite a fheabhsú agus chun dlús a chur le tráchtálú taighde nuálaíoch, lena n-áirítear in earnáil spáis na hÉireann.

Tá ár suíomh iomaíoch i Slabhraí Luach Domhanda a dhaingniú, infheistíocht dhíreach shoghluaiste a bhuachan, ó ghnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus faoi úinéireacht eachtrach agus ár dtrádáil idirnáisiúnta déthroo fós lánach i múnla fáis agus straitéis eacnamaíoch na hÉireann. Tá cuspóirí beartais trádála na hÉireann leabaithe trínár gcuid oibre san AE agus san WTO, áit a leanann Éire ar aghaidh ag tacú le trádáil oscailte inbhuanaithe. Bhí an chéad Sheachtain Misean Trádála de chuid Fhoireann na hÉireann, faoi stiúir an Taoisigh, ar siúl sa Chóiré Theas in 2023. Mar phríomhthosaíocht dár Straitéis Trádála agus Infheistíochta, comhlánaíodh an t-imeacht rathúil seo le clár misin trádála agus infheistíochta faoi cheannas an Aire i rith 2023 chun Éire a chur chun cinn mar shuíomh atá slán, cobhsaí agus ar son gnó le lucht saothair oilte solúbtha.

Bhí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara fós ina thosaíocht ag Rannáin uile na Roinne in 2023. Tugann na rannpháirtíochtaí seo saineolas agus léargas luachmhara a chuidíonn le bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais agus clár. Thugamar faoi naoi n-imeacht Ag Tógáil Gnó Níos Fearr ar fud na hÉireann chun na cláir oibre um ghníomhaíocht aeráide agus digitú a chur chun cinn, a chabhraigh le gnólachtaí an deis agus na dúshláin a bhaineann leis na haistrithe seo a thapú.

Chuir ár Roinn sraith tosaíochtaí reachtúla chun cinn i rith na bliana trí sheachadadh trí Acht nua agus 57 Ionstraim Reachtúla. Neartaíonn ár gclár reachtaíochta cearta tomhaltóirí, dlí na gcuideachtaí, beartas díobhálacha pearsanta chomh maith le rialáil an chreata a bhaineann le heaspórtáil earraí rialaithe agus fritháireamh ar bhagairtí féideartha ar shlándáil agus sábháilteacht phoiblí d'infheistíochtaí tríú tíortha.

Leanamar ag tabhairt tosaíochta chun a chinntiú go ndearnadh cearta oibrithe a chosaint agus a fheabhsú. Tháinig an tAcht um Shaoire Bhreuiteachta 2022 i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023. I measc na gcearta fostaíochta suntasacha eile a cuireadh chun cinn in 2023 bhí tabhairt isteach an Chirt chun Oibriú Cianchosach a larraigh do gach fostaí faoin Acht um Chomhardú Saoil agus Saothair 2023. Thugamar leasú ar aghaidh ar an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 chun táillí seirbhíse a bhaint de bheith ina gcuid inríofa den bhunphá. Ó thaobh na timpeallachta caidrimh thionsclaíoch níos leithne de, cailleadh thart ar 4,203 lá de bharr stailce in 2023. Is fearr é seo i gcomparáid le 2022 nuair a cailleadh 5,256 lá san iomlán mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch.

In 2023, threisiomar freisin ár dtiomantas chun tacú leis an tionscnamh Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr. Tá céimeanna suntasacha déanta ag gnólachtaí Éireannacha chun cothromaíocht inscne a bhaint amach ag leibhéal boird agus ceannaireachta, agus tá Éire sa 6ú háit ar an AE-27 i dtéarmaí ionadaíochta bainneann. Mar Roinn déanaimid ár ndícheall a bheith mar fhostóir roghnaithe le lucht saothair athléimneach agus bronnadh creidiúnú 'Infheisteoirí san Éagsúlacht – Airgead' air trí Ionad Éagsúlachta na hÉireann in 2023. D'fhoilsíomar freisin ár dTreochlár Gníomhaíochta Aeráide do 2021-2023.

Mar Roinn, aithnímid gurb iad ár ndaoine an acmhainn is mó atá againn. In 2023 ní hamháin gur sheachaid foireann na Roinne ár misean rithabhachtach ach lean siad ar aghaidh ag cothú cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus nuálaíochta, bunaithe ar luachanna na seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, oscailteacht, dínit agus meas. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann uile na Roinne agus le mo chomhghleacaithe ar an mBord Bainistíochta as a gcuid oibre in 2023. Is mian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe a chuaigh ar scor in 2023 agus le mo réamhtheachtaí, an Dr Orlaigh Quinn, as cion buan ar son na Roinne.



Declan Hughes

Rúnaí Ginearálta,

An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Ár Misean a Sheachadadh.



2.707 milliún

An taifead fostaíochta iomlán is airde



534,604

Fostaíocht iomlán i ngnólachtaí Gníomhaireachta



€34.6 billiún

in onnmhairí ag Cliant Fiontraíocht Éireann



1ú

Seachtain Misean Trádála Fhoireann na hÉireann chuig an gCóiré Theas



€371 milliún

Maoiniú Teicneolaíochta Bunathraitheacha thar 104 tionscadal nuálach

Eirsat seolta



104

Cuideachtaí Éireannacha ag baint tairbhe as conarthaí Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa



6,519

cuairt cigireachta san ionad oibre



61,800

glaoiteoir a fuair cabhair ó fhoireann Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí an CCÁO



30,981

ECead fostaíochta eisithe



€500 milliún

lasacht Fáis agus Inbhuanaitheachta



9

nImeacht 'Building Better Business' ar fud na hÉireann



€145 milliún

Scéim Nuálaíochta Fiontair um Réigiúin Chliste



€257 milliún

Deontas um Chostas Méadaithe Gnó



€7.9 milliún

i maoiniú thar 206 tionscadal ceadaithe faoin gCiste um Aistriú Glas



12,400

plean oiriúnaithe gníomhaíochta ar son na haeráide ginte do ghnólachtaí



3

Bhille agus 57 I.R. a achtaíodh

Achoimre Fheidhmeach.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2023- 2025 sé sprioc straitéiseacha chun ár bhfís a bhaint amach chun Éire a dhéanamh ar an áit is fearr chun go n-éireoidh léi i gcúrsaí gnó ar fud gach cearn dár dtír, le fiontair bheoga, níos mó fostaíochta ar ardchaighdeán, trádáil atá ag fás, ionaid oibre chothroma agus táirgiúlacht níos airde.

Tugtar achoimre thíos ar an dul chun cinn ar fud na spriocanna seo in 2023:



Sprioc Straitéiseach 1: Fostaíocht iomlán a choinneáil agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chinntiú.

Léiríonn sonraí na Príomh - Oifige Staidrimh go raibh 2,706,400 duine fostaithe i R4 2023, méadú 3.4% (89,600) ó R4 2022 agus méadú tagtha ar an bhfostaíocht i rith na bliana i NGACH réigiún NUTS 3. Chonaic réigiún an Oirdheiscirt an méadú céatadán is mó ag 6.1%, agus réigiún an Iardheiscirt ag 5.6% ina dhiaidh sin, agus na réigiúin go léir ag lánfhostaíocht.

Thacaigh Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí a bhí fostaithe ag 225,495 duine in 2023. Chruthaigh cuideachtaí a dtacaíonn FÉ leo 15,530 post nua in 2023, agus 68% de na poist sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Chruthaigh comhlachtaí tacaíochta LEO 6,640 post nua, le gnóthachan glan de 2,131 post le 82% de na poist nua cruthaithe lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. B'ionann na huimhreacha a fostaíodh go díreach i gcliaint ilnáisiúnta an IDA in Éirinn agus 300,583 ag sealbhú os cionn an leibhéil 300,000 don dara bliain as a chéile. Urraíodh 132 infheistíocht ar fud suíomhanna réigiúnacha le linn 2023, arb ionann é agus 54% den fhigiúr foriomlán.

Foilsíodh an [chéad tuarascáil cur chun feidhme ar Pháipéar Bán an Rialtais ar Fhiontraíocht 2022-2030](#) i mí na Samhna 2023. Leagtar amach sa tuarascáil dul chun cinn i seacht bpríomhréimse tosaíochta amhail tacaíocht a thabhairt do níos mó gnólachtaí Éireannacha chomh maith le maoiniú méadaithe le haghaidh dícharbónú, digitiú agus nuálaíocht. Bhí Éire sa dara háit ar bhonn domhanda de réir thuarascáil World Competitiveness Ranking 2023 de chuid na hInstitiúide um Fhorbairt Bainistíochta.

Is croíchuspóir de chuid an *Pháipéir Bháin ar Fhiontraíocht* é fás cothrom réigiúnach fiontar a sheachadadh agus tacú le cruthú inbhuanaithe post áitiúil. Sheolamar *Scéim Nuálaíochta Fiontraíochta nua Réigiún Cliste* dar luach € 145 milliún chun tacú le tionscadail atá ailínithe leis na *Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha*. Reáchtáladh naoi n-imeacht *Gnó Níos Fearr a Thógáil* ar fud na tíre chun tacú le gnólachtaí nascleanúint a dhéanamh ar an turas glas agus feidhmíocht a threisiú trí chlaochlú digiteach.

Chumar i dteagmháil le trí Thionól Réigiúnacha, na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun comhoibriú le réigiúin agus earnálacha comhchosúla ar fud na hEorpa chun tógáil ar *Straitéis Speisialtóireachta Cliste* na hÉireann a bhfuil sé mar aidhm aici suíomhanna geografacha a spreagadh chun díriú ar a láidreachtaí agus ar a réimsí deiseanna.

Chun fás fostaíochta a éascú ar fud na hÉireann próiseáladh ár nAonad Ceadanna Fostaíochta 38,469 cead, méadú bliain ar bhliain de 8%.



Spríoc Straitéiseach 2: An t-aistriú glas agus digiteach a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht fiontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú.

Chuir an Roinn tacaíochtaí agus comhairle airgeadais ar fáil chun cabhrú leis an gcur isteach a d'eascair as suaiteacht gheopholaitiúil lena n-áirítear tionchar leanúnach an chogaidh san Úcráin, brúnna boilscithe agus brúnna athraithe aeráide a luathú. Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine i mí Eanáir 2023 chun iasachtaí a sholáthar do ghnólachtaí a ndeachaigh an cogadh san Úcráin i bhfeidhm orthu. Tarraingíodh anuas € 218.3 milliún san iomlán faoi dheireadh 2023. D'éascaigh muid freisin seachadadh os cionn € 153 milliún ag na Coimisinéirí loncaim mar thacaíocht do ghnólachtaí tríd an Scéim Shealadach Tacaíochta d'Fhuinneamh Gnó agus € 611,720 eile d'úsáideoirí ceirisín tríd an Scéim Tacaíochta d'Úsáideoirí Gnó le haghaidh Ceirisín. Ina theannta sin, bronnadh € 2.3 milliún ar mhiondíoltóirí faoin Scéim Miondíola ar Líne.

Chuireamar ionchur suntasach ar fáil don [Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2023](#) agus chuaigh muid i dteagmháil ar fud an Rialtais chun bearta a fhorbairt chun tacú leis an earnáil fiontar astuithe a laghdú de réir na spriocanna atá sa Phlean. Leanamar leis an [Sraith Uirlisí Aeráide 4Gnó](#) a chur chun cinn chun é a dhéanamh níos fusa do ghnólachtaí aghaidh a thabhairt ar a dtionchar aeráide. Ina theannta sin, in 2023 sheolamar comhairliúchán chun eolas a thabhairt d'fhorbairt Straitéise Náisiúnta um Thionscail Gaoithe Amach ón gCósta.

Leanamar le dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le [Here for Good, an Straitéis Náisiúnta AI](#) le cinntiú go bhfuil Éire i riocht maith don luasghéarú tapa i dteicneolaíocht na hIntleachta Saorga. I mí Iúil, sheol na hAíirí Richmond agus Calleary Treochlár um [Chaihghdeáin agus Dearbhú Intleachta Saorga](#) na hÉireann i gcomhpháirt lena chéile.

Sheolamar an Ciste Idirthréimhseach Digiteach ilbhliantúil € 85m mar chuid de *Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta* na hÉireann. In 2023, bunaíodh ceithre Mhoil Eorpacha um Nuálaíocht Dhigiteach (EDIH) in Éirinn a bhfuil sé mar aidhm acu glacadh leathan d'Intleacht Shaorga, Ríomhaireacht

Ardfheidhmíochta, Cibearshlándáil agus chomh maith le hardscileanna digiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha eile ag an tionscal, go háirithe, FBManna, a spreagadh.

Leanamar le feidhmiú céimneach an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Suaiteacha (DTIF) ar ciste € 500 milliún é atá dírithe ar fhiontair a spreagann comhoibriú idir FBManna, cuideachtaí ilnáisiúnta agus institiúidí taighde na hÉireann. In 2023, leithdháileadh € 76 milliún de mhaoiniú faoi Ghlaonna 4, 5 agus 6, rud a fhágann go bhfuil an maoiniú iomlán os cionn € 371 milliún thar 104 tionscadal nuálach.

In 2023 rinneadh náisiún farála spáis d'Éirinn nuair a seoladh EIRSAT -1 i mí na Nollag 2023. Lean ár dtiomantas don earnáil spásghníomhach ar aghaidh ag teacht le Straitéis Spáis Náisiúnta na hÉireann um Fhiontraíocht (NSSE). D'infheistigh an Roinn € 30.87 milliún i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) in 2023. Sáraíodh spríoc an NSSE 100 cuideachta a bheith i dteagmháil le ESA faoi 2025 in 2023 agus tá 104 cuideachta Éireannach ag baint leasa as conarthaí ESA anois.



Spríoc Straitéiseach 3: **Sábháilteacht, pá agus** **coinníollacha níos fearr, poist ar** **ardchaighdeán, comhionannas** **inscne agus uilechuimsitheacht san** **ionad oibre a chur chun cinn.**

In 2023, lean an Roinn uirthi ag comhordú fhreagairt na hÉireann ar Straitéis Ceimiceán an AE um Inbhuanaitheacht agus chomhordaigh sí ionchur na hÉireann san athbhreithniú ar an *Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú* agus lean sí den obair ar nuachóiriú rialachán lena rialáítear leachtanna agus breoslaí inadhaite.

Tháinig an *tAcht um Shaoire Bhreuiteachta 2022* i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023. Tugann an dlí nua seo teidlíocht d'fhostaithe suas le 3 lá de shaoire bhreuiteachta le pá fostóra a fháil in aon bhliain amháin.

Foilsíodh an *Bille Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha)* agus *Cuideachtaí (Leasú) 2023* i mí Mheán Fómhair 2023 agus nuair a achtófar é bunófar an *Grúpa Athbhreithnithe Dlí Fostaíochta* chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an dlí fostaíochta agus iomarcaíochta lena chinntiú go bhfanfaidh sé oiriúnach don fheidhm.

I measc na gceart fostaíochta suntasach eile a cuireadh chun cinn in 2023 tá tabhairt isteach an chirt chun cianobair a iarraidh ar gach fostaí faoin *Acht um Chothromaíocht Saoil Oibre agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023*, a achtaíodh in Aibreán 2023. Tugadh isteach freisin leasú ar an *Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000* chun deireadh a chur le muirir seirbhíse ó bheith ina gcomhpháirt ináirithe de bhunphá agus ó Fhógra Íocaíochta Seasta a thabhairt isteach in ionad ionchúiseamh i leith cionta atá san *Acht um Íoc Pá (Leasú) (Leideanna agus Aiscí) 2022*.

Cailleadh thart ar 4,203 lá chun dul i mbun gnímh in 2023, laghdú 25% i gcomparáid le 2022 nuair a cailleadh 5,256 lá.

Leanamar orainn ag cur na Rúnaíochta agus tacaíocht theicniúil ar fáil don Choimisiún um Pá Íseal. Chomh maith lena mholadh bliantúil maidir leis an íosphá iomchuí a chur isteach, chuir an Coimisiún tús le plé ar fho-íosrátaí, nó rátaí óige an Íosphá Náisiúnta.

The sixth [Tuarascáil Bhliantúil an Ghrúpa Athbhreithne um Chothromle](#) launched in December 2023 shows the percentage of women on the Boards of ISEQ20 companies rose to 39%, exceeding the 33% target set for the end of 2023 and up 21 percentage points since 2018. For other listed companies, the percentage of women on boards is now 28%, exceeding the 25% target set for the end of 2023 and up 18 percentage points since 2018.



Spríoc Straitéiseach 4: **Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit le gnó a dhéanamh.**

In 2023, bhí rannpháirtíocht fhairsing againn ar leibhéal an AE i dtéarmaí idirbheartaíocht raon teoracha agus rialachán AE lena n-áirítear comhaid a bhaineann leis an Acht um Shliseanna an AE, leis an Acht um Shonraí, le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaítheacht Chorporáideach, leis an Treoir maidir le Cóipcheart an AE, le hÍocaíochtaí Déanacha agus leis an Dlí Dócmhainneachta.

Sa bhaile, chuireamar reachtaíocht chun cinn chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis rialála agus forfheidhmithe a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh i réimsí ar nós dlí na gcuideachtaí, iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí.

Tháinig *an tAcht Iomaíochta (Leasú) 2022* i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2023. Tugann an tAcht cumhachtaí breise don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) chun tomhaltóirí a chosaint agus dúshlán a thabhairt do chleachtais fhrithiomaíocha. Den chéad uair, is féidir sáruihte ar dhlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú trí ghníomhaíochtaí riaracháin arna ndéanamh ag údaráis iomaíochta. Déanann an tAcht beartas iomaíochta a ailíniú ar fud an AE, rud a chumasaíonn comhar níos fearr idir údaráis iomaíochta agus ceadaíonn sé dúshlán a thabhairt do chleachtais mhídhleathacha thar theorainneacha.

Achtaíodh *an tAcht um Ghníomhaíochtaí Ionadaíocha chun Comhleasanna Tomhaltóirí 2023 a Chosaint* ar an 11 Iúil 2023. Ceadóidh an tAcht d'eintitis cháilithe sásamh comhchoiteann a lorg thar ceann tomhaltóirí as sáruihte ar a gcearta tomhaltóirí i réimsí amhail cosaint sonraí, seirbhísí airgeadais, taisteal, fuinneamh agus teileachumarsáid.

Achtaíodh *an tAcht um Rialú Onnmhairí, 2023* an 25 Deireadh Fómhair 2023. Cinntíonn an tAcht nua go bhfuil creat láidir ag Éirinn chun onnmhairiú earraí rialaithe a rialáil, go príomha míreanna "Dé - úsáide" agus "Míleata". Maolóidh sé an baol go bhféadfaí earraí rialaithe a onnmhairiú ó Éirinn de shárú ar rialacháin agus go n-úsáidfí iad chun díobháil a dhéanamh i gcoimhlíntí réigiúnacha nó chun cearta an duine i dtríú tíortha a shárú.

Cuireadh tús leis *an Acht um Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta, 2022* thar thrí chéim in 2023. Leathnaíonn an tAcht líon agus cineál na gcásanna is féidir leis an mBord Réitigh Díobhálacha a réiteach gan dul i muinín dlíthíochta, feabhsaíonn sé feidhmeanna taighde agus anailíse na mBord, neartaíonn sé a chumhachtaí chun dul i ngleic le calaois agus tugann sé seirbhís nua idirghabhála isteach.



Spríoc Straitéiseach 5: **Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeáin mhaireachtála agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh.**

Mar chuid de [Straitéis Trádála agus Infheistíochta an Rialtais 2022 -2026](#) [Luach d' Éirinn Luachanna don Domhan](#) threoraigh an Taoiseach an chéad Seachtain Misin Trádála Fhoireann na hÉireann go dtí an Chóiré Theas i mí Dheireadh Fómhair 2023. Cur chuige nua de chuid an Rialtais is ea Seachtain Misin Trádála Fhoireann Éireann maidir le ceangail agus deiseanna do chuideachtaí Éireannacha i dtíortha atá ar aon intinn leo a neartú. Comhlánaíodh é seo le clár de mhisin trádála agus infheistíochta Airí a tionóladh san UAE, sa Danmhairg, sa Pholainn, i bPoblacht na Seice sa Fhrainc agus sa Ghearmáin, agus i gCeanada, chomh maith le roinnt misean trádála chuig na Stáit Aontaithe.

Leanadh den rannpháirtíocht ar leibhéal an AE lena n-áirítear trí fhreastal an Aire ar na Comhairlí Trádála, lomaíochais agus EPSCO. Rinne oifigigh na Roinne ionadaíocht ar Éirinn thar raon grúpaí agus coistí meithleacha AE a dhéileálann le beartas an Mhargaidh Aonair, dlí na gcuideachtaí, tomhaltóirí agus fostaíochta agus bhainistigh siad rannchuidiú na hÉireann le líonraí eile an AE, lena n-áirítear Ionad SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh.

Tháinig an sainghrúpa um Shlabhraí Luach Domhanda (GVCanna) agus um Shlabhraí Soláthair le chéile le linn 2023 chun príomh-GVCanna a aithint, mapáil agus measúnú riosca a dhéanamh, agus freagairtí gníomhaíochta a aithint. Tá láithreachtaí láidir thar lear againn i gcónaí le hoifigigh shinsearach atá ag obair in Ambasáidí na hÉireann de phríomh-mhargáí, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, SAM agus an tSín, agus i misin na hÉireann sa Bhruiséil agus sa Ghinéiv.

D'oibríomar le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a eascraíonn as an mBreitheacht, lena n-áirítear maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, Creat Windsor agus Samhail Oibriúcháin Spríoc Teorann nua na Ríochta Aontaithe chun na deiseanna is fearr a chinntiú don gheilleagar uile - oileáin. Lean an Roinn uirthi ag obair le Roinn an Taoisigh chun tacú leis an ngeilleagar uile - oileáin.

Chun feidhmeanna ceadúnaithe agus rialaithe trádála a chomhlíonadh, d'eisigh an Roinn 846 ceadúnas onnmhairiúcháin in 2022. Bhí an Roinn freagrach as 12 phacáiste smachtbhannaí ar ghlac an AE leo mar fhreagra ar chogadh na hÚcráine ag obair go dlúth le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Achtaíodh an *tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tír, 2023* chun an bhagairt fhéideartha a bhaineann le slándáil agus ord poiblí ó roinnt infheistíochtaí tríú tír a fhritháireamh.

Seoladh an Fóram Gnó Freagrach, faoi chathaoirleacht an Aire Calleary i mí Mheán Fómhair 2023 agus tá sé ag spreagadh rannpháirtíochta idir lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara i mbearta inbhuanaitheachta corparáideacha atá á dtabhairt chun cinn ag an AE.



Spríoc Straitéiseach 6: Build an innovative and agile Department with a strong public service ethos driving effective and responsible policy implementation.

Chuir na Meastacháin Athbhreithnithe 2023 oll-leithdháileadh € 1,621.4 milliún ar fáil don Roinn do 2023. Chinntigh sé seo go raibh acmhainní ar fáil dár n-oifigí agus dár ngníomhaireachtaí chun a sainorduithe a chur i gcrích. Chuir sé ar chumas na Roinne freisin cláir forbartha fiontraíochta, nuálaíochta agus rialála a sheachadadh, chomh maith le tacú le bearta amhail an Scéim Shealadach Tacaíochta d'Fhuinneamh Gnó, an Scéim lasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta, agus Scéim lasachta Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine.

Mhéadaigh baill foirne a bhí ag fónamh sa Roinn go 975.38 coibhéis lánaimseartha ag deireadh 2023, méadú ó 933.06 coibhéis lánaimseartha ag deireadh 2022. Leanamar orainn ag cur ár [Straitéis Daoine](#) i bhfeidhm agus rinneamar athbhreithniú ar ár mbeartas oibre cumaisc. Forbraíodh ár gcéad bheartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (ED&I) freisin.

D'éirigh linn córas nua sceidealaithe scamall-óstáilte a sheoladh don Chúirt Oibreachais agus rinneamar dul chun cinn suntasach maidir le córais oidhreacht a uasghrádú do sheirbhísí Ceadúnú Easpórtála agus Ceadanna Fostaíochta a sholáthróidh seirbhísí nua - aimseartha freagrúla do chustaiméirí. I rith na bliana, thosaigh an Roinn ag fiosrú deiseanna chun an Intleacht Shaorga a ghíaráil laistigh de phróisis inmheánacha na Roinne chun seachadadh seirbhísí don phobal a fheabhsú.

In 2023, choinníomar fócas láidir ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar chomhlíonadh ár n-oibleagáidí faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus Nochtadh Cosanta.

D'fhan ár gcainéil dhigiteacha mar phríomhbhealach cumarsáide le páirtithe leasmhara. Thairfead ár [suíomh gréasáin](#) os cionn 7.5 milliún amharc leathanaigh le fás ar lucht leanúna ar ár gcuntais [LinkedIn](#) agus [X](#) araon. Chinntigh ár bhfoireann cumarsáide inmheánaí idir an dá linn gur fhan ár bhfoireann ar an eolas faoi obair agus tionscnaimh na Roinne i rith na bliana.

Rinneamar ár Ráiteas Sábháilteachta a nuashonrú agus choinníomar fócas láidir ar shábháilteacht agus ar fholláine na foirne le linn 2023. Foilsíodh [Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide](#) na Roinne i mí Mheán Fómhair agus leagtar amach ann ár dtiomantas dár spriocanna dícharbónaithe agus inbhuanaitheachta a bhaint amach de réir spriocanna CAP 23.

Bunaíodh foireann nua Cultúr na hEagraíochta chun cultúr eagraíochtúil bunaithe ar luachanna a chothú. Foilsíodh Ráiteas Straitéise nua in 2023 ina leagtar amach spriocanna ardleibhéil ar Roinne don tréimhse go 2025. Foilsíodh straitéis nua freisin chun dea-chleachtas i mbainistíocht taifead agus inár bplean soláthair chorpáraidigh a chinntiú.

Rinne Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú agus athbhreithniú ar a phlean oibre bliantúil in 2023 agus bhí sé fós dírithe ar rioscaí straitéiseacha agus a chlár iniúchta á ghlacadh ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Fís, Misean, Luachanna.

Tugtar achoimre i Ráiteas Straitéise 2023 -2025 na Roinne ar ár straitéis agus tugtar breac - chuntas ar ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha. Leagtar amach ann, go gonta, an comhthéacs reatha atá os comhair ár bpáirtithe leasmhara agus ár Roinne, agus sonraítear ann na gealltanais atá á ndéanamh againn maidir lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Leagtar amach ann freisin ár bhfís, ár misean agus ár luachanna.

Fís

Socróimid Éire mar an áit is fearr le go n-éireoidh le gnó i ngach cuid dár dtír, le fiontair bheoga, níos mó fostaíochta ar ardchaighdeán, trádáil atá ag fás, ionaid oibre cothroma agus táirgiúlacht níos airde.


Misean

Beimid i gceannas ar fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe trí fhostaíocht ardchaighdeán a chruthú agus a chothabháil ar fud gach cuid dár dtír: trí fhiontar a chur chun cinn; bonn iomaíoch gnó a chinntiú chun obair, fiontar inbhuanaithe, nuálaíocht agus infheistíocht a dhreasú; naisc dhomhanda agus trádáil a neartú; margaí cothroime agus iomaíocha, cleachtas gnó freagrach a chur chun cinn; chomh maith le láithreacha oibre sábháilte, solúbtha agus réasúnta trí obair rialála agus forfheidhmithe na Roinne, a cuid Oifigí agus a Gníomhaireachtaí.


Luachanna

Mar Roinn, cothaímid cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta, nuálaíochta agus luach ar airgead, atá fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, cothroime, dínit agus meas. Mar Státseirbhísigh, glacaimid na caighdeáin is airde gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta, atá lárnach chun ár ról a chomhlíonadh maidir le freastal ar an Rialtas, ar an gcóras daonlathach agus ar an bpobal.

Bord Bainistíochta na Roinne agus Struchtúr na Rannóige.




Cairt Eagraíochta.



Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne.



Oifig Maoine
Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property
Office of Ireland



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority



Comisiún um Eimseacht agus Cosaint Tomhaltóirí
Competition and Consumer Protection Commission



INJURIES RESOLUTION BOARD
BORD um REIREACH DÍOBHÁLACHA PERSANAL
PERSONAL INJURIES RESOLUTION BOARD



IAASA
Irish Auditing & Accounting
Supervisory Authority

Ráiteas ó Straitéis 2023-2025.





Spríoc Straitéiseach 1:

Fostaíocht iomlán a choinneáil agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chinntiú.

Comhthéacs.

Leagtar amach i bPáipéar Bán an Rialtais [maidir le Fiontraíochta 2022-2030](#), a foilsíodh i mí na Nollag 2022 fíis go n-éireoidh le fiontar Éireannach - bhunaithe trí bhuntáiste iomaíoch bunaithe ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus táirgiúlacht, ag seachadadh poist agus slite beatha luachmhara.

Leag an Rialtas seacht gcuspóir beartais fiontraíochta amach sa Pháipéar Bán;

1. **Dícharbónú agus Gealltanais i leith Glan-Astaíochtaí Nialasacha a Chomhtháthú**
2. **Claochlú digiteach a chur i gcoirlár an bheartais fiontraíochta;**
3. **IDC na hÉireann agus tairiscint luacha trádála a chur chun cinn;**
4. **An earnáil onnmhairithe faoi úinéireacht na hÉireann a neartú;**
5. **Earnálacha trádála áitiúla a chumasú le bheith rathúil;**
6. **DIús a chur le nuálaíocht fiontraíochta**
7. **Tógáil ar láidreachtaí agus deiseanna reatha na hÉireann, trí chur chuige braislithe.**

I mí na Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Roinn an chéad cheann de Phleananna Forfheidhmithe dhá bhliain as a chéile de ghníomhaíocht tras-Rialtais faoin bPáipéar Bán. Sa chéad [Phlean Cur Chun Feidhme](#), lena gcumhdaítear an tréimhse 2023-2024, sainnaithear 40 príomhthionscnamh agus príomhthionscadal thar na seacht gcuspóir. D'fhoilsigh an Roinn an chéad tuarascáil dhébhliantúil nuashonraithe ar Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin i mí na Samhna, agus clúdaíonn sí an dul chun cinn a rinneadh le linn an chéad leath de 2023. Leagtar amach ann an chaoi a bhfuil Oifigí Fiontar Áitiúla ag tacú le líon níos mó gnólachtaí Éireannacha chomh maith le maoiniú méadaithe le haghaidh dícharbónú, digitiú agus nuálaíocht. Ina theannta sin, leagtar amach ann forbairt straitéise chun tacú le Gaoth amach ón gCósta, Braislíú agus rochtain ar mhaoiniú. Sheolamar ceithre Mhol Nuálaíochta Digítí Eorpacha nua chun tacú le claochlú digiteach i FBManna agus in eagraíocht na hearnála poiblí. Cuireadh cláir scileanna breise i bhfeidhm go céimneach chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag neartú iomaíochas ár mbonn fiontraíochta i ngeilleagar domhanda dúshlánach.

Léiríonn príomh-spríocmhéadrachtaí atá leagtha amach sa Pháipéar Bán go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh ar fhostaíocht náisiúnta agus réigiúnach, rátaí táirgiúlachta fiontar, leibhéil onnmhairiúcháin, líon iomlán na gcuideachtaí onnmhairiúcháin agus gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta, chomh maith le hinfheistíocht ar fud ár réigiúin.

Cruthú Post.

Tháinig méadú ar fhostaíocht in Éirinn go dtí na leibhéil is airde riamh in 2023. Léiríonn [Suirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh ar an Lucht Saothair](#) go raibh 2.706 milliún duine i mbun oibre i Ráithe 4 2023, ardú 89,600 ar an mbliain roimhe sin. Laghdaigh leibhéal dífhostaíochta go 4.2% go náisiúnta. Ó bhí 2019 ann, tá níos mó ná leath de na poist a cruthaíodh i gceithre earnáil, gníomhaíochtaí sláinte agus oibre sóisialta, faisnéis agus cumarsáid, gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochas agus teicniúla, agus oideachas, áit a bhfuil cáilíocht na bpost níos airde. Is forbairt dhearfach é fás fostaíochta níos airde in earnálacha le meántuilleamh seachtainiúil agus os cionn an mheáin de réir mar a théann an geilleagar agus oibrithe i dtreo gníomhaíochtaí ar luach níos airde.

B'ionann cuideachtaí a fuair tacaíocht ónár ngníomhaireachtaí fiontair agus 41,702 post nua san iomlán, rud a thug an líon iomlán fostaíthe i gcliantchuideachtaí go dtí breis agus 564,000 in 2023. Leanann fás réigiúnach de bheith ina ghné láidir d'obair ár ngníomhaireachtaí i seachadadh na gcoinníollacha chun fás ar ár gcliantchuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta araon. Thairfead GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann (EI) agus na hOifigí Fiontraíochta Áitiúla (LEOanna) fás ar phoist i gcliantchuideachtaí in 2023. D'éirigh le GFT Éireann 248 infheistíocht nua a fháil, 54% díobh i suíomhanna réigiúnacha ag tabhairt an líon fostaíthe i gcliant ilnáisiúnta an IDA go dtí os cionn 300,000 don dara bliain as a chéile. Bhí glanmhéadú de 5,011 post ag cliantchuideachtaí FÉ. Fostaíonn cuideachtaí FÉ 225,495 duine anois. In 2023 chruthaigh cuideachtaí a fuair tacaíocht ó LEO 6,640 post nua in 2023 agus shroich fostaíocht i ngnólachtaí le tacaíocht OFÁ 38,726.

GFT Éireann.

Tá straitéis GFT Éireann [Téarnamh agus Fás a Thiomáint 2021-2024](#) dírithe ar infheistíocht a bhuachan d'Éirinn agus ar fhorbairt réigiúnach inbhuanaithe trí dhíriú ar chúig cholún – Fás, Claochlú, Réigiúin, Inbhuanaitheacht agus Tionchar. Tá GFT Éireann ag díriú ar 800 infheistíocht agus 50,000 post a chruthú thar an tréimhse 2021-2024. In 2023 d'fhostaigh breis agus 1,800 cliantchuideachta de chuid GFT Éireann 300,583 go díreach in Éirinn, rud a léiríonn bonn aibíochta, cobhsaí agus athléimneach in Éirinn. Is ionann fostaíocht FDI agus breis agus 11% den fhostaíocht náisiúnta anois.

In 2023, gnóthaíodh 248 infheistíocht d'Éirinn, rud a d'fhág gur cruthaíodh breis agus 19,000 post nua. Bhí 132 acu seo i suíomhanna réigiúnacha. Cinntíonn Clár Réadmhaoine Réigiúnach GFT Éireann an soláthar talún, foirgneamh agus bonneagair i suíomhanna réigiúnacha de réir mar a theastaíonn ó chliaint reatha agus ionchasacha GFT Éireann é féin chomh maith le cliaint Fhiontraíocht Éireann agus Oifigí Fiontair Áitiúla. Tá 19 bhfoirgneamh geallta faoin Straitéis reatha, agus bhí 8 gcinn díobh críochnaithe ag deireadh 2023. Tá trí cinn eile á dtógáil agus tá na hocht gcinn eile ag céimeanna éagsúla pleanála, soláthair nó roghnú suímh.

Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le GFT Éireann chun a chinntiú go bhfanann feidhmíocht IDC na hÉireann den scoth agus go gcuirtear straitéisí, beartais agus acmhainní i bhfeidhm chun an leas is fearr a bhaint as d'Éirinn i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos iomaíche d'infheistíocht dhíreach eachtrach.

Fiontraíocht Éireann.

Áiríonn straitéis Fhiontraíocht Éireann [Leading in a Changing World 2022 – 2024](#) tosaíochtaí straitéiseacha atá dírithe ar leibhéal nuálaíochta a mhéadú trí mhodhanna inbhuanaithe, scálú trí idirnáisiúnú, agus forbairt réigiúnach leanúnach. Leagann an straitéis amach spriocanna uailmhianacha lena n-áirítear cruthú 45,000 post nua breise faoi 2024, dhá thrian díobh sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Dhírigh Fiontraíocht Éireann in 2023 ar thacaíocht leanúnach a chuireann ar chumas gnólachtaí Éireannacha leas a bhaint as athrú agus leanúint ar aghaidh ag seachadadh fás inbhuanaithe. Chun é seo a bhaint amach, in ainneoin timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda dheacair, thuairiscigh Fiontraíocht Éireann cruthú post chun tosaigh ar an sprioc le 15,530 post nua cruthaithe in 2023 i gcomparáid le sprioc de 15,000 agus 69% de phoist a cruthaíodh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tháinig méadú ar fhostaíocht réigiúnach sna figiúirí dearfacha post, le fás 5% i réigiúin an Iarthair agus an Oirthuaiscirt agus bhí 68% de na poist nua a cruthaíodh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le hiomaíocht i margaí idirnáisiúnta leanann an Roinn ag obair go dlúth le Fiontraíocht Éireann chun a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí beartais cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann an Ghníomhaireacht spriocanna uailmhianacha maidir le 45,000 post a chruthú agus onnmhairí cliantchuideachtaí a mhéadú go €30 billiún faoi dheireadh. 2024.

Oifigí Fiontair Áitiúla.

Is iad na 31 Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) an *tlonad Céad Stad* d'aon duine atá ag lorg eolais agus tacaíochta maidir le gnó a thosú nó a fhás. In 2023 leathnaíodh sainordú an OFÁ chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do chuideachtaí a fhostaíonn níos mó ná 10 agus níos lú ná 50 fostaí lánaimseartha a bhfuil uailmhian easpórtála acu.

Don 10ú bliain as a chéile, thaifead na 31 fiontar a fuair tacaíocht ó LEO fás láidir fostaíochta, agus cruthaíodh 6,640 post nua in 2023 arb ionann é agus méadú 6% bliain ar bhliain. Bhí glanhnóthachan fostaíochta de 2,131 ann don bhliain. Ba é 38,726 an líon iomlán fostaíochta i ngnólachtaí a fuair tacaíocht ó LEO in 2023, agus cruthaíodh 82% de ghlanphoist nua lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

In 2023, chuireamar tús freisin le hobair ar ráiteas beartais OFÁ a leagfaidh amach an treo do na OFÁanna sna blianta amach romhainn agus an *Páipéar Bán ar Fhiontraíocht* a chur i bhfeidhm againn chun tuilleadh feabhais a chur ar na seirbhísí atá ar fáil trí na OFÁanna.

Athléimneacht agus Nuálaíocht.

Ní féidir fás inbhuanaithe a bhaint amach ach trí bheartais fhreagracha, trí threoir agus trí chlár thacúla a sholáthar chun cabhrú le gnólachtaí aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na géarchéime aeráide trí mhaolú agus oiriúnú, trí luathú an chlaochlaithe dhigitiúil, agus trí fhorbairt a dhéanamh ar an athléimneacht agus ar an aclaíocht a theastaíonn chun freagairt do na suaitheadh agus na héiginnteachta atá ag éirí níos mó mar ghné den gheilleagar domhanda. In 2023 lean gnólachtaí ag tuairisciú dúshlán maidir le slabhraí soláthair agus méaduithe ar chostais. In 2023 lean an Roinn ar aghaidh ag obair ar fud an Rialtais chun tacú le gnó lena n-áirítear trí roinnt scéimeanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a dearadh chun tacú le hathléimneacht fiontraíochta.

Scéim Géarchéime Fiontraíochta na hÚcráine (UECS).

Cabhraíonn an [UECS](#) le gnólachtaí a ndeachaigh costais bhreise i bhfeidhm orthu mar gheall ar an gcogadh san Úcráin. In 2023, leathnaíodh an UECS mar fhreagra ar neamhchinnteacht leanúnach sa timpeallacht idirnáisiúnta agus ar thionchar leanúnach na gcostas iomarcach fuinnimh ar ghnólachtaí. I gcomhréir le hathbhreithnithe ar Chreat Géarchéime Sealadach agus Idirthréimhse an AE, tá síneadh curtha anois le tréimhse incháilithe an UECS go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024. Tugadh isteach freisin le linn 2023 le sruth breise den UECS, chun go bhféadfaí tacaíocht a sholáthar do ghnóthais in earnáil straitéiseach lárnach na déantúsaíochta micrileictreonaic. San iomlán faomhadh €6.034m faoin scéim in 2023 do 27 cuideachta.

An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthais (TBESS).

Ba dheontas Rialtais é [TBESS](#) a dhear an Roinn Airgeadais agus a riarann na Coimisinéirí loncaim chun cabhrú le gnólachtaí le costais fuinnimh mhéadaitheacha. Leithdháileadh maoiniú don Scéim faoi vóta na Roinne seo. Chuir TBESS suas le 40% den mhéadú ar bhillí leictreachais nó gáis suas le €10,000 in aghaidh na míosa ar fáil do ghnóthais cáilitheacha. Ghlac Córas Ar Líne na gCoimisinéirí loncaim le hiarratais ón 5 Nollaig 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, agus thosaigh na híocaíochtaí ar an

21 Nollaig 2022. Íocadh amach iomlán de €153,716,125 suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2023 le 25,515 gnó.

Scéim Tacaíochta Úsáideoirí Gnó do Cheirisín.

Mar chuid d'athbhreithniú ar oibriú TBESS, d'aontaigh an Rialtas go scrúdódh an tAire roghanna chun Scéim neamhspleách a sholáthar do ghnóthais a bhíonn ag brath ar Cheirisín agus ar Ghás Peitiriliam Leachtaithe (LPG) mar fhoinsé fuinnimh teasa. I rith 2023, d'aontaigh an Rialtas le forbairt agus cur i bhfeidhm scéime chun cabhrú le húsáideoirí gnó ceirisín a raibh tionchar ag méaduithe suntasacha ar chostas an bhreosla seo tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin. Cuireadh an togra le scéim a fhorbairt ar an eolas ó chomhairliúcháin le comhlachtaí ionadaíocha an tionscail agus le páirtithe leasmhara eile a d'aithin easpa tacaíochtaí fuinnimh do ghnóthais a bhíonn ag brath ar cheirisín chun críocha téimh mar ábhar imní. Seoladh an scéim i Meán Fómhair 2023 agus ba é líon na ngnólachtaí a bhain leas as an scéim ná 1,044 ar luach €611,725.

Deontas Costas Méadaithe Gnó (ICOB).

Tacaíonn an [deontas](#) le gnólachtaí a ndeachaigh méaduithe ar chostais ghnó i bhfeidhm orthu. Is é an leithdháileadh iomlán don deontas ICOB ná €257 milliún agus díreofar é ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide a oibríonn go díreach laistigh d'áitreabh atá

inráitithe ag údarás áitiúil ar bhonn tráchtála. Is soláthar deontais aonuaire é agus ní bheidh aon tionchar aige ar na rátaí tráchtála a íocann gnólachtaí. Tá sé i gceist an deontas a íoc ag ráta leathbhille rátaí tráchtála an fhiontair in 2023, do ghnólachtaí a íocann suas le €10,000 i rátaí. Dóibh siúd a íocann idir €10,000 agus €30,000 i rátaí, beidh deontas de €5,000 ar fáil.

Cúnamh Éigeandála Daonnúil Tuilte.

Mar fhreagra ar an damáiste ó thuille i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2023, d'oscail an Rialtas an Scéim um Chúnamh Daonnúil Éigeandála do ghnólachtaí beaga, do chomhlachtaí pobail, deonacha agus spóirt chomh maith le scéim bhreise chun leibhéil fheabhsaithe tacaíochta airgeadais a sholáthar mar gheall ar nádúr eisceachtúil an damáiste a rinneadh. Soláthraíonn an dá scéim ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhaineann le háitribh a thabhairt ar ais go dtí a riocht réamh-tuille agus níl siad ceaptha mar chúiteamh ar chaillteanais ná in ionad an chlúdaigh a sholáthraíonn árachas. Déanann an Chrois Dhearg an scéim a riar thar ceann na Roinne agus fuair os cionn 350 iarratas ar thacaíocht le híocaíochtaí deiridh le déanamh in 2024.

Ag tacú le FBManna.

In 2023, lean an Roinn ag cur leis an raon athchóirithe agus beart a tugadh isteach chun cabhrú le FBManna poist agus deiseanna fostaíochta a chothú agus a fhás.

- Reáchtáil muid naoi n-imeacht 'Building Better Business' sna naoi réigiún atá clúdaithe ag na Pleananna Fiontair Réigiúnacha idir Márta agus Nollaig. Ba é cuspóir na n-imeachtaí ná deiseanna fiontraíochta a chur ar taispeáint atá ailínithe le claochlú digiteach agus dícharbónú, dhá thosaíocht sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht, agus béim a chur ar leithead agus ar dhoimhneacht tacaíochtaí an Stáit do ghnó. Dhírigh roinnt imeachtaí freisin ar scálú agus ar idirnáisiúnú fiontar dúchasach. Scrúdaíodh na téamaí seo trí phlé painéil le cuideachtaí agus le saineolaithe ábhar. Chuir seastáin faisnéise ó Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha chun cinn an raon tacaíochtaí agus seirbhísí atá ar fáil.
- Feabhsaíodh an suíomh gréasáin supportingsmes.gov.ie chun faisnéis níos úsáidí a sholáthar agus cuireadh chun cinn é in imeachtaí gnó níos fearr a fhorbairt.
- Fógraíodh an Mol Náisiúnta Fiontraíochta (NEH) nua i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tógfaidh an NEH ar thacú le supportingsmes.gov.ie agus ar deireadh thiar ina áit. Áireoidh sé freisin rannpháirtíocht réamhghníomhach amach le gnólachtaí chun feasacht a ardú ar na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil.
- Sheachaid an [Tascfhórsa FBM & Fiontraíochta](#) a raibh an tAire Coveney agus na hAíre Calleary agus Richmond ina chomhchathaoirleach air, tuarascáil don Rialtas i mí na Nollag 2023 inar leagadh béim ar an dul chun cinn suntasach atá déanta ar aon ghníomh déag tosaíochta a chur i bhfeidhm.
- Bhí an tAire Coveney agus an tArd-Rúnaí ina gcomhchathaoirleach ar an bhFóram Fiontair agus tháinig sé le chéile ceithre huaire in 2023. Baineadh úsáid fhairsing as an bhFóram le haghaidh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ar shaincheisteanna iomaíochais agus costais agus saincheisteanna straitéiseacha a mbíonn tionchar acu ar fhiontraíocht ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.
Faoin [Straitéis Náisiúnta Dhigiteach](#), tá an Rialtas tiomanta d'athrú céim ar chéim a chur chun cinn i ndigitíú na fiontraíochta ar fud na hÉireann. Cuideoidh méadú ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha ag gnólaigh linn athléimneacht ár mbonn fiontair a thógáil agus ár ngeilleagar a chosaint don todhchaí do na blianta amach romhainn. Leagtar amach sa straitéis spriocanna sonracha maidir le digitíú fiontar, lena n-áirítear glacadh fiontar 75% den néal, de na mórshonraí agus den intleacht shaorga a bhaint amach faoi 2030; ag cinntiú go mbeidh leibhéal bunúsach déine digití bainte amach ag 90% dár FBManna faoi 2030 ar a laghad; agus a áirithiú go ndéanfar ar a laghad 35% de mhaoiniú Stáit do ghnólaigh nuathionscanta agus do ghnólaigh luathchéime a infheistiú

i ngnólachtaí digiteacha nuálacha ó 2022 ar aghaidh. Leagtar síos ann freisin sprioc 800 gnólacht ar a laghad a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste um Aistriú Digiteach faoi 2026.

Tá an Roinn i gceannas ar chur i bhfeidhm Cholún Fiontar na Straitéise Náisiúnta Digití chun an t-éiceachóras digiteach is fearr a fhorbairt do FBManna, chun iomaíochas digiteach na hÉireann a mhéadú agus chun digitíú fiontar in Éirinn a spreagadh. Maidir leis seo comhordaíonn an Roinn obair an [Fhórait Chomhairligh Dhigitigh Fiontar](#) (EDAF), atá faoi chathaoirleacht an Aire Calleary, agus soláthraíonn sí rúnaíocht don Fhóram sin. Bunaíodh an EDAF chun comhlacht dírithe a chur ar fáil don Rialtas chun go mbeidh sé in ann tuairimí agus peirspictíochtaí fiontar agus saineolaithe a chloisteáil chun glacadh teicneolaíochtaí digiteacha a éascú i measc na tionsclaíochta, lena n-áirítear néal, anailísíocht sonraí agus IS. Tugann sé le chéile ionadaithe ó fhiontar dhúchasacha, ó fhiontar ilnáisiúnta, agus ó shaineolaithe i dteicneolaíochtaí digiteacha agus iad a ghlacadh trí fhiontar le haghaidh idirphlé leis an Rialtas.

Straitéis Náisiúnta IS.

Mar a leagadh amach sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht le déanaí, tá an claochlú digiteach i gcroílár ár mbeartais fiontraíochta – agus tá IS lárnach dó sin. Tá Éire tiomanta do chur chuige IS atá freagrach, eiticíúil agus iontaofa agus a chinntíonn timpeallacht rialachais agus rialála aclaí agus iomchuí don IS. Tá sé sin ina phríomhthosaíocht ag an Rialtas, mar go gcuirfidh sé an dúshraith ar fáil do mhúinín an phobail in IS agus do ghlacadh sábháilte IS ag gnólachtaí agus ag an tseirbhís phoiblí.

In 2023, lean an Roinn uirthi ag cur forghníomhú [Straitéise Náisiúnta IS](#) na chun cinn chun a chinntiú go bhfuil Éire in áit mhaith don luasghéarú tapa i dteicneolaíocht na hIntleachta Saorga, a

lean ar aghaidh in 2023. Tá an Straitéis bunaithe ar thrí chroíphrionsabal: cur chuige duine-lárnach a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm IS; fanacht oscailte agus inoiriúnaithe do nuálaíochtaí nua; agus dea-rialachas a áirithiú chun muinín agus iontaobh a chothú chun go mbeadh rath ar an nuálaíocht. Leagtar amach inti cur chuige uile-Rialtais chun a chinntiú go bhfuil na cumasóirí riachtanacha i bhfeidhm chun tacú le glacadh IS i bhfiontraíocht agus i seirbhísí poiblí. Áirítear ar na cumasóirí sin éiceachóras nuálaíochta tacúil, bonneagar slán sonraí agus nascachta, agus beartais chun a chinntiú go bhfuil ár lucht saothair ullmhaithe do thionchar IS.

Foilsíodh [Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn](#) ar an Straitéis i mí Lúnasa 2023. Is colún tábhachtach den straitéis é muinín an phobail a chothú in IS, agus chuige sin thacaigh an Roinn le clár rannpháirtíochta poiblí leanúnach an Dr Patricia Scanlon, Ambasadóir IS na hÉireann, agus chuir sí bunú Chomhairle Chomhairleach IS chun cinn chun bord sondála aclaí a sholáthar don rialtas ar shaincheisteanna a bhaineann le IS. Rinneadh dul chun cinn ar an obair ar IS sa tseirbhís phoiblí agus bunaíodh CeADAR mar Mhol Nuálaíochta Digití na hÉireann don IS, ag soláthar seirbhísí go háirithe do FBManna agus do chomhlachtaí na hearnála poiblí.

Ciste um Aistriú Digiteach.

Cuireann an Roinn trí Fhiontraíocht Éireann sraith tacaíochtaí ar fáil do ghnóthais incháilithe de réir mar a oibríonn siad chun digitíú a dhéanamh, lena n-áirítear tríd an [gCiste um Aistriú Digiteach](#) chun cabhrú le gnólachtaí treochláir straitéiseach a fhorbairt don aistriú digiteach agus chun tacú le cuideachtaí atá ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh i gcur chun feidhme táirgíochta agus seirbhísí nua nó feabhsaithe go suntasach. Tá an ciste € 85 milliún seo ag tacú le claochlú digiteach fhiontar na hÉireann trí thacaíochtaí cuideachtaí díreacha agus

trí thacaíocht airgeadais a sholáthar do Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha (EDIHanna). Tairgeann FÉ tacaíocht dá chliant freisin do chomhairleacht straitéiseach, ag iniúchadh nuálaíochta, taighde agus forbartha agus ag tógáil a gcuid margaíochta digití Tá iocaíochtaí € 2.04 milliún in 2022 agus € 0.46 milliún in 2023 feicthe ag an Dearbhán Digitithe. B'ionann iocaíochtaí faoin Scéim Acmhainneachta Margaíochta Digití ó 2019 -2023 agus € 4.59 milliún.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Suaiteacha (DTIF) comhoibriú agus nuálaíocht a spreagadh i bhforbairt agus in úsáid teicneolaíochtaí suaiteacha, ar bhonn tráchtála, atá dírithe ar dhul i ngleic le dúshlán náisiúnta agus dhomhanda.

Trádáil Ar Líne.

Cuireann an líonra de 31 Oifig Fiontar Áitiúil raon tacaíochtaí digitithe ar fáil do ghnólachtaí incháilithe, lena n-áirítear tríd an [scéim Dearbháin Trádála Ar Líne](#), atá i bhfeidhm chun cabhrú le gnólachtaí a gcumas trádála ar líne a fhorbairt, agus Tús Digiteach, atá deartha chun cabhrú le hullmhú agus cur i bhfeidhm plean chun uirlisí agus teicnící digiteacha a ghlacadh. Féadfar Tús Digiteach a úsáid chun seirbhísí straitéiseacha, teicniúla agus/nó comhairleacha digiteacha a fháil ó sholáthraithe formheasta.

Tacaíonn an Scéim Miondíola Ar Líne le hathléimneacht na hearnála fiontar miondíola baile trí chumais díolacháin ar líne a fheabhsú chun táirgiúlacht a spreagadh agus iomaíochas a mhéadú agus ina dhiaidh sin gnólachtaí a mhéadú i margaí idirnáisiúnta. Ó 2018 i leith, ceadaíodh níos mó ná 850 tionscadal ar mhaoiniú € 30m trí sheacht mbabhta de ghlaonna iomaíocha. In 2023 thug an Roinn an seachtú glao (beirt phíolótaí san áireamh) ar an [Scéim Miondíola Ar Líne](#). Seachadadh an scéim le buiséad iomlán

de € 2.3 milliún agus baineadh tairbhe as os cionn 80 cuideachta mhiondíola ar fud na hÉireann.

Moil Nuálaíochta Digítí Eorpacha (MNDE/(EDIH).

Mar chuid den Chlár don Eoraip Dhigiteach, déanann an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit an Aontais líonra de Mhoil Nuálaíochta Digítí Eorpacha (EDIHanna) a chomhchistiú chun tacú le claochlú digiteach i FBManna agus in eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Feidhmeoidh EDIHanna mar “ionaid ilfhreastail” a sholáthraíonn rochtain ar shaineolas teicniúil agus ar thurgnamh, chomh maith le seirbhísí nuálaíochta, agus an oiliúint agus an fhorbairt scileanna is gá chun claochlú digiteach rathúil a dhéanamh.

In 2023, bunaíodh ceithre EDIH in Éirinn atá beartaithe chun glacadh leathan na hIntleachta Saorga, Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta, Cibearshlándála, Ardscileanna Digiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha eile de réir tionscail (go háirithe FBManna) a spreagadh. Tharraing EDIHanna na hÉireann síos € 7m sa tréimhse 2022-2023.

Tionscail Chruthaitheacha Dhigiteacha.

Ag teacht le tiomantas i gClár an Rialtais in 2023 d'oibrigh an Roinn leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun Treochlár um Thionscail Chruthaitheacha Dhigiteacha a fhorbairt. Tá sé beartaithe leis an Treochlár go soláthrófar an creat straitéiseach agus an cur chuige comhoibríoch is gá chun acmhainneacht na n-earnálacha spriocdhírthe nuálaíocht, fás athléimneach agus poist inbhuanaithe a spreagadh sa gheilleagar amach anseo a bhaint amach. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Cód go luath in 2024.

Caighdeán Dhigiteacha.

I mí Iúil, sheol na hAirí Richmond agus Calleary [Treochlár um Chaighdeán agus Dearbhú Intleachta saorga](#) na hÉireann i gcomhpháirt lena chéile. Is príomh-inseachadta é an treochlár seo de Straitéis Náisiúnta IS na hÉireann chun Intleacht Shaorga a fhorbairt agus a úsáid ar mhaithe le sochaí na hÉireann agus leis an ngeilleagar. Agus é fréamhaithe go daingean chun tacú le cur chun feidhme Acht IS an AE in Éirinn, forbraíodh an treochlár tar éis próiseas rannpháirtíochta ‘An Fhoireann is Fearr ar Chaighdeán in IS’.

Mar chomóradh ar Mhí Chibearshlándála na hEorpa, sheol NSAI a fheachtas feasachta *Labhairmis faoi Shlándáil Faisnéise* agus sraith seimineár gréasáin i mí Dheireadh Fómhair. Dírithe ar eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus na hearnála poiblí araon, chuir ÚCÉ buntáistí na gcóras bainistíochta slándála faisnéise chun cinn agus sheol sé físeáin mhínitheora dá scéim acmhainní saor in aisce agus deimhniúcháin.

Mar chuid de [Phlean Straitéiseach NSAI 2022-2026](#) agus chun a ról ceannaireachta i ngníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaithe a chomhlíonadh, bhunaigh NSAI dhá Ionad Barr Feabhais in 2023, a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide agus Claochlú Digiteach. Is iad príomhchuspóirí na nIonad seo ná deiseanna comhoibritheacha a aithint agus a fhorbairt chun tacú le gnólaigh ina ngníomhaíocht ar son na haeráide, ina n-inbhuanaitheacht, ina ngeilleagar ciorclach, agus ina dturais chomhshaoil, agus seirbhís agus gnó nua a fhorbairt.

Forbraíochtaí AE.

Gníomh um an Intleacht Shaorga.

Foilsíodh togra an Aontais le haghaidh Rialachán ar a dtugtar an “Gníomh um an Intleacht Shaorga” i mí Aibreáin 2021 agus leagtar amach ann rialacha comhchuibhithe maidir le córais

intleachta saorga a fhorbairt, a chur ar an margadh agus a úsáid san Aontas.

Is é is aidhm don rialachán a áirithiú go gcosnófar cearta bunúsacha agus sábháilteacht úsáideoirí, chomh maith le muinín i bhforbairt agus i nglacadh na hintleachta saorga, agus ar an gcaoi sin infheistíocht agus nuálaíocht an Aontais a fheabhsú. Thángthas ar chur chuige ginearálta ag Comhairle an AE i mí na Nollag 2022 agus ag an bParlaimint i mí an Mheithimh 2023. Bhí an Roinn, i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara, rannpháirteach go gníomhach sna caibidlíochtaí seo thar ceann na hÉireann. I mí na Nollag 2023, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach maidir leis an Acht. Tiocfaidh an tAcht i bhfeidhm ó Bhealtaine 2024 agus cuirfear i bhfeidhm é de réir a chéile sna 36 mhí ina dhiaidh sin, agus beidh príomhghnéithe an rialacháin infheidhme laistigh de 24 mhí ó theacht i bhfeidhm.

An Treoir um Dhliteanas Intleachta Saorga.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thograí le haghaidh Treoir um Dhliteanas Intleachta Saorga (AILD) i mí Mheán Fómhair 2022. Is é cuspóir an togra feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí rialacha aonfhoirmeacha a leagan síos maidir le gnéithe áirithe de dhliteanas sibhialta neamhchonarthach i leith damáiste a dhéantar le rannpháirtíocht na gcóras intleachta saorga. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht ar leibhéal an Aontais i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus cuireadh an chéad léamh i gcrích ag deireadh mhí Eanáir 2023.

Chomh maith leis sin, rinne an Roinn comhairliúchán poiblí ar an dréacht - treoir ag lorg tuairimí na bpáirtithe leasmhara ar an treoir thábhachtach seo. Dúnadh an comhairliúchán i mí Eanáir 2023. Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit, chuir an Coimisiún an AILD ar fionraí le linn 2023 fad a bhí an Gníomh IS á chaibidlíú, i bhfianaise an

dlúth - ailínithe idir an dá cheann agus go mbeidh tionchar ag torthaí an Achta IS ar théacs an AILD. Táthar ag súil go gcuirfear tús arís leis an idirbheartaíocht ar an AILD in 2024.

An Coinbhinsiún Dlíthiúil um an Intleacht Shaorga de chuid Chomhairle na hEorpa.

Bhí caibidlíocht na hÉireann maidir leis an gCoinbhinsiún Dlí ar an Intleacht Shaorga faoi stiúir na Roinne in 2023. Is é cuspóir an Choinbhinsiúin a áirithiú go ndéanfar cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a chur chun cinn i bhforbairt, i ndearadh agus in úsáid IS agus nuálaíocht fhreagrach a áirithiú. Tar éis don Choiste Airí faomhadh a fháil, cuireadh leis an obair ar an gcoinbhinsiún thar a spriocdháta bunaidh de Shamhain 2023 agus táthar ag súil go gcomhaontófar an coinbhinsiún faoi Mhárta 2024 agus go gceadóidh Airí é i mBealtaine 2024.

An Gníomh um an Tionscal Glan-níalasachta - Beartas Tionsclaíoch an AE.

Mhol an Coimisiún Eorpach an Gníomh um Thionscal Glan - Níalasachta (NZIA) an 16 Márta 2023 agus tá sé mar aidhm aige timpeallacht rialála a chruthú a sholáthróidh creat do theicneolaíochtaí glan - níalasacha, chun tacú le hacmhainneachtaí agus táirgí déantúsaíochta glan - níalasachta an Aontais a mhéadú, rud a chabhróidh le spriocanna neodrachta aeráide na hEorpa a bhaint amach, poist ghlasa a chruthú agus iomaíochas an Aontais a choinneáil ar bun, go háirithe i bhfianaise an Achta um laghdú ar bhoilsciú na Stát Aontaithe. Tá sé mar aidhm ag an dréacht-NZIA deiseanna eacnamaíocha a chur i láthair don Eoraip, áit a bhfuiltear ag súil go sroichfidh an margadh domhanda do theicneolaíochtaí tionscail glan - níalasacha luach bliantúil de thart ar € 600 billiún in aghaidh na bliana faoi 2030.

In 2023 chomhordaigh an Roinn freagairt na hÉireann ar an NZIA agus rinne sí

ionadaíocht ar sheasamh na hÉireann ag an Meitheal Tionscail i gComhairle an Aontais Eorpaigh le linn an phróisis chun an Cur Chuige Ginearálta deiridh a ghlac an Chomhairle Iomaíochais i mí na Nollag 2023 a fhorbairt.

Rannpháirtíocht i dTionscadail Thábhachtacha Ilnáisiúnta ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne.

Is tionscadail ar mhórsála iad Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI), tionscadail ilnáisiúnta AE le haghaidh nuálaíocht dhomhanda úrscothach chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó sistéamacha in earnálacha ar leith a théann chun tairbhe an Aontais agus a chabhraíonn leis an dá aistriú dhigiteacha agus glasa a bhaint amach.

Tar éis don Rialtas faomhadh a thabhairt do rannpháirtíocht na hÉireann sa tionscadal seo go luath in 2023, chríochnaigh Éire an próiseas fógartha faoin IPCEI ar Theicneolaíochtaí Micreileitronaice agus Cumarsáide (IPCEI ME/CT) agus chuir sí tionscadal amháin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Tugann an IPCEI ME/CT, arb é an chéad IPCEI é ina bhfuil Éire rannpháirteach go díreach, aghaidh ar fheidhmíocht theicneolaíoch, inbhuanaitheacht agus dúshlán shochoaíoch na ndeich mbliana amach romhainn agus táthar ag súil go mbeidh buntáiste suntasach nuálaíochta ann don Eoraip dá bharr.

Treochlár Straitéiseach Náisiúnta na hÉireann do Dheich mBliana Digiteach an AE.

I gcomhréir le hAirteagal 9 (1) de Chlár Beartais Deich mBliana Digití, bhí sé d'oibleagáid ar na Ballstáit treochláir náisiúnta a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Samhain 2023. Trí chomhoibriú le comhghleacaithe ar fud na ranna ábhartha d'éirigh leis an Roinn an spriocdháta sin a bhaint amach agus chuir sí isteach [Treochlár](#)

Straitéiseach Náisiúnta na hÉireann do Chlár Deich mBliana Digiteacha an AE.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a chéad [Tuarascáil ar Staid na Deich mBliana Digiteacha 2023](#) i mí Mheán Fómhair 2023, a chuimsigh Innéacs bliantúil an Gheilleagair Dhigitigh agus na Sochaí (DESI). Fuarthas amach i dTuarascáil Tíre na hÉireann ar Dheich mBliana Digiteacha go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh Éire go dearfach leis na comhiarrachtaí chun spriocanna Deich mBliana Digiteacha an AE do 2030 a bhaint amach, le léirithe dearfacha go háirithe ar scileanna digiteacha, agus dul chun cinn ar bhonneagar digiteach agus ar dhigitiú gnólachtaí.

Spás.

Leagtar síos sa [Straitéis Náisiúnta Spáis d' Fhiontar 2019-2025](#) spriocanna uailmhianacha maidir leis an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag Éirinn tionscal spásghníomhach atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de agus atá ag leathnú a fhorbairt agus poist ardchaighdeán á seachadadh ag an am céanna. Ba bhliain stairiúil í 2023 de réir mar a rinneadh náisiún farála spáis d'Éirinn tar éis seoladh EIRSAT -1 i Nollaig 2023. Rinneadh forbairt, seoladh agus oibriú satailíte ciúb oideachais agus taighde UCD a dhéanamh indéanta trí bhallraíocht agus infheistíocht na hÉireann i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) agus a clár "Fly your Satellite!".

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Roinn i dtreo an sprioc maidir le hinfeistíocht phoiblí agus phríobháideach sa ESA a mhéadú 50% (ar leibhéal 2019) a bhaint amach faoi 2025. Léirigh infheistíocht € 30.87 milliún na Roinne sa ESA in 2023 tiomantas leanúnach do leathnú ár n-earnála spásghníomhach de réir na Straitéise Spáis. In 2023 sáraíodh sprioc na Straitéise freisin 100 cuideachta a bheith i dteagmháil le ESA faoi 2025, agus 104 cuideachta Éireannach ag baint tairbhe as conarthaí ESA anois.



Spríoc Straitéiseach 3:

Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ar ardchaighdeán, comhionannas inscne agus uilechuimsitheacht san ionad oibre a chur chun cinn.

Comhthéacs.

In 2023, lean an Roinn ar aghaidh ag soláthar caidreamh dearfach san ionad oibre, sásraí dea-fheidhmithe um réiteach díospóide, forfheidhmiú láidir ar chearta fostaíochta, timpeallacht shábháilte oibre agus beartas imirce eacnamaíoch freagrúil atá ailínithe le riachtanais an gheilleagair, mar aon le próiseas éifeachtach ceadanna fostaíochta chun iontráil oibríthe ó thíortha nach tíortha de chuid an LEE iad a rialáil. Coinníodh cearta fostaíochta agus caighdeáin mhargadh an tsaothair faoi athbhreithniú agus nuashonraíodh iad freisin chun forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiriú, lena n-áirítear ar leibhéal an AE, Chomhairle na hEorpa, na Cúirte Breithiúnais agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

Caighdeáin agus Sábháilteacht.

In 2023, lean an Roinn ar aghaidh ag comhordú freagairt na hÉireann ar Straitéis Ceimiceán an AE don Inbhuanaitheacht, tionscadal uaillmhianach a bhfuil sé mar aidhm aige tionscal Ceimiceán an AE a athchóiriú, lena n-áirítear athbhreithnithe ar mhór-reachtaíocht Ceimiceán an AE Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (ALP). Beidh tionchar trasrialtasach ag an Straitéis sin agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le hathruithe suntasacha ar reachtaíocht na hÉireann.

Chomhordaigh an Roinn freagairt na hÉireann ar thograí le haghaidh reachtaíocht AE um shábháilteacht ceimiceán, lena n-áirítear an nuashonrú ar an Treoir maidir le hoibrithe a chosaint ó nochtadh d'aispeist ag an obair, rud a thacaíonn Éire leis. Glacadh leis an dréacht-Treoir Aispeiste i R4 mar Threoir 2033/2668. Is í an Treoir sin an chéad chéim i dtionscnamh níos leithne de chuid an Aontais chun aispeist a bhaint de gach foirgneamh ar fud an Aontais. Chomhordaigh an Roinn freisin ionchur na hÉireann ar thograí chun an Treoir maidir le Gníomhairí Ceimiceacha agus an Treoir maidir le Carcanaiginí a nuashonrú, ar cheart glacadh leis in 2024. Chomhordaigh an Roinn freisin ionchur na hÉireann san athbhreithniú ar an Rialachán Aicmithe, Lipéadaithe agus Pacáistithe a tugadh chun críche in

Idirphlé Trípháirteach i R4 2023.

Lean an Roinn lena clár oibre in 2023 maidir le nuachóiriú na rialachán lena rialaítear leachtanna agus breoslaí inadhaite, le hullmhú nuashonruithe teicniúla ar na rialacháin atá ann cheana agus le plé a chur chun cinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe PFN maidir le sraith rialachán nua táillí ceadúnais do Shubstaintí Contúirteacha.

Le linn 2023, chuaigh an Roinn i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir le togra forleathan chun cosc a chur ar gach úsáid a bhaintear as Substaintí In aghaidh an Fhlhuairínithe agus Ilfhlhuairínithe (PFAS) san AE. Déanann PFAS breis agus 15,000 ceimiceán le húsáidí i raon leathan réimsí, lena n-áirítear táirgeadh cógaisíochta, feistí leighis, leathsheoltóirí, cadhnaí, ábhair tinedhíonach, ábhair teasdionach agus fuardíonach agus tuirbíní gaoithe. Tá an Roinn ag spreagadh páirtithe leasmhara chun dul i ngleic le comhairliúcháin an AE lena chinntiú go mbeidh aon togra srianta deiridh cothromaithe agus infheidhmithe.

In 2023, chinntigh Rannóg Sláinte Ceirde nuabhunaithe an Údarais Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) go raibh saineolas sláinte ceirde intí ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar imní sláinte poiblí agus sláinte ceirde san ionad oibre araon. Len a n-áirítear rioscaí amhail strus a bhaineann leis an obair, guaiseacha síceasóisialta, guaiseacha eirgeanamaíochta agus nochtadh san ionad oibre d'oibreáin

cheimiceacha, bhitheolaíochas agus fhisiceacha, agus chun cláir, seirbhísí agus straitéisí spriocdhírthe i sláinte cheirde agus bealaí nua oibre a fhorbairt agus a sheachadadh.

Sábháilteacht Feirme.

Lean an Roinn ag obair in éineacht leis an ÚSS in 2023 chun caighdeán sábháilteachta oibre san earnáil feirmeoireachta a fheabhsú. I mí na Samhna tháinig rialacháin i bhfeidhm a rialaíonn úsáid shábháilte ATV/Cuadrothair in ionaid oibre. Thug na rialacháin isteach caitheamh clogad éigeantach agus oiliúint d'oibreoí cuadrothar san ionad oibre. Is iad na rialacháin an chéad cheann dá leithéid san AE agus tugadh isteach iad chun cabhrú leis na básanna agus na gortuithe a athraíonn an saol a bhaineann le timpistí cuadrothair a chosc agus a laghdú, go háirithe ar fheirmeacha. Ní bhaineann na Rialacháin ach le húsáid cuadrothair san ionad oibre agus ní chun críocha fóillíochta.

An Cód Cleachtais um Cháilíocht Air Laistigh (IAQ) .

I mí na Bealtaine 2023 tháinig an *Cód Cleachtais um Cháilíocht Air Laistigh* i bhfeidhm a bhaineann le gach áit oibre. Soláthraíonn sé treoir phraiticiúil maidir le cáilíocht an air laistigh san ionad oibre a fheabhsú agus a bhainistiú agus leagann sé amach cur chuige praiticiúil measúnaithe riosca chun cabhrú le fostóirí le IAQ. Soláthraíonn sé faisnéis mhionsonraithe freisin ar aeráil, scagachán air, monatóireacht ar dhé-ocsaíd charbóin agus cuireann sé chun cinn dearadh amach saincheistanna IAQ agus bearta rialaithe cuí mar aon le seicliostaí praiticiúla agus uirlisí d'fhostóirí.

Pá agus Coinníollacha Níos Fearr, Poist Níos Slán.

Ceartha Fostaíochta.

Lean an Roinn lena tosaíochtaí chun a chinntiú go ndéanfaí ceartha oibríthe a chosaint agus a fheabhsú. Tháinig an *tAcht um Shaoire Bhreiteachta 2022* i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023. Nuair a tugadh isteach scéim reachtúil saoire bhreiteachta tháinig Éire ar aon dul le go leor tíortha eile de chuid an ECFE, rud a chinntigh go bhfuil gach fostaí i dteideal íosleibhéil cúitimh airgeadais mura bhfuil siad in ann oibriú de bharr breiteachta nó gortú. Tá sé i gceist go príomha clúdach pá breiteachta a sholáthar do na fostaithe sin, go minic i ról ar phá íseal agus neamhbhuana, nach bhfuil rochtain acu ar scéim saoire bhreiteachta cuideachta. Cuireann an scéim leibhéil urláir cosanta ar fáil agus ní chuireann sé isteach ar scéimeanna pá breiteachta atá ann cheana féin atá níos fabhraí. Tá íocaíocht do laethanta saoire breiteachta reachtúla socraithe faoi láthair ag 70% de mheántuilleamh comhlán an fhostaí, suas go dtí teorainn de €110. Roghnaíodh an ráta 70% chun a chinntiú nach gcuirfí costais iomarcacha ar fhostóirí, a bhféadfadh go mbeadh orthu in earnálacha áirithe déileáil leis an gcostas a bhaineann le hathsholáthar foirne atá breoite ar ghearrfhógra.

I mí Iúil fuair an Roinn faomhadh ón Rialtas reachtaíocht a fhorbairt chun an *tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984* a leasú. Tabharfaidh an reachtaíocht seo aghaidh ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí trí Airteagal 2(1) de Threoir 2008/94/CE a thrasú go hiomlán agus déanfar leasuithe teicniúla éagsúla a ionchorprú chun feidhmiú an Achta a fheabhsú.

Foilsíodh an *Bille Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha) agus Cuideachtaí (Leasú) 2023* i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Léiríonn an Bille seo tiomantas do Chlár an Rialtais agus feidhmíonn sé chun na gealltanais reachtach eile atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar Iomarcaíochtaí Comhchoiteanna tar éis Dócmhainneachta a chur i bhfeidhm. Forálann an Bille freisin do bhunú an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Fostaíochta (GADF) chun comhairle a thabhairt don Aire ar ábhair a bhaineann le dlí fostaíochta agus iomarcaíochta chomh maith le forbairtí idirnáisiúnta sa dlí fostaíochta agus iomarcaíochta agus nithe gaolmhara. Agus é ag cur comhairle ar an Aire, féachfaidh an Grúpa Athbhreithnithe lena chinntiú go bhfanfaidh sraith ceartha fostaíochta agus reachtaíochta iomarcaíochta an Stáit ábhartha agus oiriúnach agus go ndéanfar é a nuashonrú chun forbairtí idirnáisiúnta a léiriú.

I mí na Nollag thug an tAire Richmond Rialacháin nua isteach lena bhforáiltear d'Fhógra Íocaíochta Seasta a fhorchur in ionad ionchúisimh, más cuí, i leith cionta atá san Acht um Íoc Pá (*Leasú (Leideanna agus Aiscí), 2022*). Rinne an tAire Richmond *Rialacháin freisin chun an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 a leasú* chun deireadh a chur le muirir seirbhíse ó bheith ina gcomhpháirt ináirithe den bhunphá. Gearrfar fíneáil de €1,500 ar fhostóirí nach soláthraíonn a dtéarmaí fostaíochta d'fhostaithe nó a sholáthraíonn faisnéis bhréagach. Gearrfar fíneáil de €750 ar fhostóirí nach gcuireann ráiteas scríofa ar fáil d'fhostaithe ar dháileadh leideanna agus aiscí nó a mhainníonn déileáil le muirear seirbhíse mar leid.

Cothromaíocht Oibre is Saoil.

Achtaíodh an *tAcht um Choithromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha* i mí Aibreáin 2023 agus is dul chun cinn suntasach é i dteidlíochtaí san ionad oibre d'fhostaithe. Tá forálacha maidir leis an gceart cianobair a iarraidh ar gach fostaithe agus an ceart socruithe oibre solúbtha a iarraidh do thuismitheoirí agus cúramóirí ar fáil faoin Acht agus tá na cearta sin i bhfeidhm anois. Trasúionn an ceart chun obair sholúbtha a iarraidh do thuismitheoirí agus do chúramóirí Airteagal 9 de Threoir an AE maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil. Tá an Treoir trasuite go hiomlán anois ag Éirinn.

Forálann alt 31(1) den Acht go bhféadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, treoir a thabhairt don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) Cód Cleachtais a ullmhú agus a chur faoi bhráid fostóirí agus fostaithe chun críche treoir phraiticiúil. Cuireadh comhairliúchán poiblí ar an gCód i gcrích i mí an Mheithimh. Rinne an CCÁO athbhreithniú ar 51 aighneacht chomhairliúcháin a fuarthas, chomh maith le doiciméid bheartais ábhartha eile, taighde, agus dea-chleachtas i ndlínsí eile mar chuid de dhréachtchód oibre a thabhairt chun críche. Bunaíodh grúpa oibre agus reáchtáladh ceithre chruinniú ó thús mhí Dheireadh Fómhair 2023, ar fhreastail ionadaithe ó ICTU agus Ibec. Leanfaidh an Grúpa seo ar aghaidh ag teacht le chéile ar bhonn rialta agus lena chinntiú go bhfoilseofar an Cód in 2024.

Lean an Grúpa Idir-Rannach um Chianoibre ar aghaidh ag teacht le chéile in 2023 chun cur i bhfeidhm an [Chianobair a Dhéanamh a chomhordú-- Straitéis Náisiúnta um Chianobair](#). Seachadadh gach ceann de na 15 ghníomh a leagtar amach sa Straitéis lena n-áirítear reachtaíocht a

dhéanamh maidir le ceart gach oibríthe cianobair a iarraidh tríd an Acht um Chomhardú Saoil Oibre agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023, Cód Cleachtais a fhorbairt maidir leis an gCeart Dícheangail agus forbairt an Líonra Mol Náisiúnta agus ardán [ConnectedHubs.ie](https://connectedhubs.ie).

An Coimisiún um Pá Íseal.

In 2023 lean an Roinn ar aghaidh ag soláthar na Rúnaíochta don Choimisiún um Pá Íseal (CPÍ), an comhlacht atá freagrach as moltaí a dhéanamh ar an bPá Íosta Náisiúnta (PÍN). I mí Iúil, chuir an CPÍ a Thuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire a mhol an Pá Íosta Náisiúnta a shocrú ag €12.70 ón 1 Eanáir 2024. Ghlac an Rialtas leis an moladh seo agus fógraíodh é mar chuid de Bhuiséad 2024. Is féidir an méadú seo a mheas mar an dara bliain de chonair ceithre bliana atá beartaithe i dtreo an pá maireachtála 60% den phá airmheánach a bhaint amach faoi Eanáir 2026. Meastar gurb ionann an figiúr de € 12.70 agus 55.1% den phá airmheánach in aghaidh na huair.

I mí na Samhna 2023 foilsíodh [taighde](#) ar phá fo-íosta in Éirinn faoi théarmaí Chomhaontú Comhpháirtíochta an Choimisiúin um Pá Íseal/ESRI. Tá an taighde seo ag cur bonn eolais faoi phlé an Choimisiúin um Pá Íseal ar rátaí fo-íosta, nó rátaí óige an Phá Íosta Náisiúnta. Táthar ag súil lena moltaí ar an gceist seo in 2024. Le linn 2023 rinne ionadaíocht ar an Roinn ag sainghrúpa ar thrasúomh Threoir (AE) 2022/2041 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach. Tháinig an grúpa le chéile ocht n-uaire san iomlán agus chuir siad tuarascáil deiridh isteach i mí na Samhna 2023 chun cabhrú leis na Ballstáit sa trasúomh.

Caidreamh Thionsclaíoch.

Timpeallacht Caidrimh Thionsclaíoch.

Is é príomhról beartais na Roinne timpeallacht mhaith caidrimh thionsclaíoch a chothú trí chreat cuí reachtaíochta. I measc na réimsí freagrachta tá reachtaíocht caidrimh thionsclaíoch, cúrsaí ceardchumann, monatóireacht ar dhíospóidí tionsclaíocha, agus reachtaíocht a bhaineann le rannpháirtíocht fostaithe san ionad oibre (faisnéis agus comhairliúchán/rannpháirtíocht). Cailleadh thart ar 4,203 lá de bharr stailce in 2023. Tá sé seo i gcomparáid go fabhrach le 2022 nuair a cailleadh 5,256 lá san iomlán mar gheall ar ghníomhaíocht Thionsclaíoch.

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO).

Baineann gníomhaíochtaí an [Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre](#) (CCÁO) le hathrú san ionad oibre a éascú agus cabhrú leis agus timpeallacht chothromais agus cothroime san fhostaíocht a chruthú. Tá raon leathan feidhmeanna ag an CCÁO lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha agus idir-réitigh caidrimh thionsclaíoch agus réiteach díospóidí leasa caidrimh thionsclaíoch idir fostóirí agus oibríthe ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha.

In 2023, chuir an CCÁO seirbhísí cuimsitheacha luathréitigh, idirghabhála agus breithnithe ar fáil maidir le speictream iomlán na gceart fostaíochta agus na gcásanna comhionannais. Rinne cigireachtaí san ionad oibre chun a chinntiú go n-urramaítear cearta fostaíochta oibríthe agus freagrachtaí fostóirí agus tá feidhm forfheidhmithe aige maidir le sáruithe ar an reachtaíocht fostaíochta.

Chríochnaigh an tSeirbhís Cigireachta 4,727 cigireacht san iomlán san ionad

oibre agus mar thoradh air sin fuarthas €1,950,601 i bpá neamhíochta i rith na bliana. Fuair Seirbhís Breithnithe an CCAÓ 14,158 gearán ar leith in 2023. Reáchtáil an tSeirbhís Breithnithe 4,765 éisteacht in 2023, méadú 12% ar an mbliain roimhe sin. Chuir seirbhís idirghabhála an CCAÓ 127 idirghabháil bhreise ar fáil in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, arb ionann é agus méadú 19%. San iomlán bhí méadú 42% ar chásanna ar éirigh leo idirghabháil a dhéanamh orthu i gcomparáid le 2022. Ina theannta sin, d'fhreagair an CCAÓ níos mó ná 62,000 glaoch agus láimhseáil sé 9,000 ríomhphost ag lorg faisnéise ar chearta fostaíochta, comhionannas, caidreamh tionsclaíoch agus ceadanna fostaíochta. Ina theannta sin, bhí os cionn 4.65 milliún amharc ar leathanaigh ar shuíomh gréasáin an CCAÓ.

An Chúirt Oibreachais .

Cuireann an [Chúirt Oibreachais](#) seirbhís chuimsitheach saor in aisce ar fáil chun díospóidí chaidrimh thionsclaíoch a réiteach agus is í an t-aon Chomhlacht Achomhairc í faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta. I ndíospóidí caidrimh thionsclaíoch, feidhmíonn an Chúirt Oibreachais mar bhinse caidrimh thionsclaíoch, ag éisteacht leis an dá thaobh i ndíospóidí trádála agus ansin ag eisiúint Moltaí, ag leagan amach a tuairim ar an díospóid agus na téarmaí ar cheart í a réiteach.

Le linn 2023, fuair an Chúirt Oibreachais 1,141 achomharc agus tarchur i gcomparáid le 1138 tarchur in 2022. Bhí 1,513 éisteacht sceidealaithe ag an gCúirt. Chuir sé sin i gcomparáid le 1,485 éisteacht in 2022. B'ionann éisteachtaí a tionóladh i seomra cúirte fíorúil agus 5% de na héisteachtaí go léir i gcomparáid le 30% in 2022. In 2023, d'eisigh an Chúirt 425 moladh/socrú/cinneadh. Ina theannta sin, rinne sé imscrúdú ar 70 achomharc/tarchur a socraíodh ar deireadh sular eisíodh cinneadh ón gCúirt. Tarraingíodh siar 753 achomharc chuig an gCúirt san iomlán, 486 díobh

sin tar éis dáta éisteachta a bheith leithdháilte ar na páirtithe. Bhí 297 iarratas ar éisteachtaí sceidealaithe a chuir siar, laghdú ó 447 in 2022.

I measc na bhforbairtí bonneagair in 2023 bhí uasghrádú i gceann de na Seomraí Cúirte, chun freastal cianda rannpháirtí amháin nó níos mó ag éisteachtaí fisiceacha a chumasú agus córas nua Cásbhainistíochta a thabhairt chun críche a sholáthraíonn ardán cuimsitheach do ghníomhaíochtaí na Cúirte, a cheadaíonn don chéad uair, tarchur agus achomhairc ar líne a thaisceadh go díreach ag páirtithe.

An Grúpa Ardleibhéil um Chomhmhargáil.

Foilsíodh Tuarascáil Deiridh Ghrúpa Oibre Ardleibhéil an Fhóiraim Eacnamaíoch d'Fhostóirí Saothair (FEFS) maidir le Chomhmhargáil ar an 5 Deireadh Fómhair 2022. Bunaíodh Foghrúpa FEFS, faoi chathaoirleacht an Aire Richmond in 2023 chun scrúdú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí na Tuarascála leis na comhpháirtithe sóisialta. Tháinig an Foghrúpa le chéile i Meitheamh agus Samhain 2023. Cuireadh nuashonruithe ar na saincheisteanna seo ar fáil freisin ag cruinniú iomlánach FEFS faoi chathaoirleacht an Taoisigh i mí na Samhna 2023.

Seirbhís Breithnithe Conarthaí Foirgníochta.

Tá próiseas reachtúil agus láidir breithnithe i bhfeidhm chun díospóidí fócaíochta a thagann chun cinn san Earnáil Foirgníochta a réiteach go tapa. Tá feidhm ag an Acht um Chonarthaí Foirgníochta 2013 maidir le conarthaí foirgníochta a rinneadh ó mhí Iúil 2016. Le linn 2023 rinneadh 80 iarratas chuig Cathaoirleach an Phainéil Breithnithe Conarthaí Foirgníochta, an tUasal Bernard Gogarty, chun Breithneoir a cheapadh faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Foilsíodh an [seachtú Tuarascáil Bhliantúil](#) maidir le cur i bhfeidhm an Achta um

Chonarthaí Foirgníochta 2013 chuig an Aire Richmond i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Balance for Better Business.

Sheol an tAire an [séú Tuarascáil Bhliantúil den Ghrúpa Athbhreithnithe um Chomhardú do Ghnó Níos Fearr](#) i mí na Nollag 2023. Léiríonn an tuarascáil go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag gnólachtaí Éireannacha maidir le cothromaíocht inscne a bhaint amach ag leibhéal an Bhoird le bliain anuas. In 2023, d'ardaigh céatadán na mban ar Bhoird chuideachtaí ISEQ20 go 39%, i bhfad níos airde ná an sprioc 33% a socraíodh do dheireadh 2023 agus méadú 21 pointe céatadán ó 2018 i leith. I gcás chuideachtaí liostaithe eile, is é 28% an céatadán de mhná ar bhoird anois, a sháraíonn an sprioc 25% a socraíodh do dheireadh 2023 agus a mhéadaigh 18 bpointe céatadán ó 2018. D'aontaigh an Roinn leanúint ar aghaidh lena tacaíocht don tionscnamh tar éis na tréimhse tosaigh 5 bliana a socraíodh in 2018, agus straitéis nua 5 bliana á forbairt. Féachfaidh an straitéis le forbairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cothromaíocht inscne a bhaint amach sa cheannaireacht shinsearach le linn na chéad tréimhse 5 bliana agus féachfaidh freisin lena fócas ar chothromaíocht inscne a mhéadú i bhfoirne ceannaireachta agus i gcuideachtaí móra príobháideacha faoi úinéireacht na hÉireann.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais (SNCM) .

Tá straitéis chomharba á forbairt ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Lánpháirtíochta Míchumais agus Óige faoi láthair atá le foilsiú in 2024. Tá ionadaíocht ag an Roinn ag leibhéal sinsearach ar an nGrúpa Oibre Idir-Rannach ag forbairt gníomhaíochtaí don straitéis chun rannpháirtíocht níos mó daoine faoi mhíchumas san fhórsa saothair a chur chun cinn agus chun glacadh leis an raon tacaíochtaí atá ar fáil d'fhostóirí.



Spríoc Straitéiseach 4:

Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit le gnó a dhéanamh.

Comhthéacs.

Mar atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht, is coinníoll riachtanach é timpeallacht rialála a fheidhmíonn go maith agus a thacaíonn le geilleagar iomaíoch agus táirgiúil. Meastar le fada gur timpeallacht fhabhrach í Éire le forbairt agus le fás na fiontraíochta agus leanaimid ag feidhmiú go maith thar raon táscairí don timpeallacht ghnó agus rialála. Léirítear é seo i Leabhrán Iomaíochais Dhomhanda IMD 2023 a chuir Éire sa 3ú háit ar domhan maidir le héifeachtúlacht rialtais agus gnó chomh maith le rialáil gnó.

In 2023, lean an Roinn ar aghaidh ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm reachtaíochta chun timpeallacht rialála gnó agus tarraingteacht na hÉireann a fheabhsú mar shuíomh a éascaíonn gnóthas agus fiontraíocht, agus ag an am céanna cosaintí cuí a sholáthar do pháirtithe leasmhara. Chuaigh an Roinn i ngleic go réamhghníomhach ag leibhéal institiúideach an AE agus lenár gcomhpháirtithe san AE chun torthaí rialála a bhaint amach a thacaíonn, go háirithe, leis na cláir oibre fiontraíochta, iomaíochais, an mhargaidh aonair agus nuálaíochta.

Cúnamh Stáit.

Is sraith chuimsitheach rialacha é Creat Dlíthiúil an AE um Chúnamh Stáit atá deartha chun tionchar diúltach na bhfóirdheontas poiblí ar thrádáil agus ar iomaíocht a íoslaghdú agus fóirdheontais áirithe a cheadú ag an am céanna chun tacú le forbairt eacnamaíoch. Le linn 2023, chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile i bhforbairt leanúnach an Chreata chun a chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar leasanna na hÉireann i bhforbairt rialacha Cúnaimh Stáit.

Tá creat dlíthiúil an AE um Chúnamh Stáit ag teacht chun cinn agus arna thiomáint ag Clár an Choimisiúin um Nuachóiriú Cúnaimh Stáit (SAM). In 2023, dhírigh Clár SAM ar rialacha nua a fhorbairt a bhaineann le cúnamh don aistriú glás agus digiteach; le glacadh deiridh leasú spriocdhírthe ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (GBER), tar éis dhá bhliain de chaibidlíocht. Chomhordaigh an Roinn freagairt na hÉireann thar an tréimhse chaibidlíochta dhá bhliain ar an leasú a éascóidh, a shimpleoidh agus a chuirfidh dlús leis an tacaíocht d'aistrithe glasa agus digiteacha an AE. Rinne an Roinn ionadaíocht bhreise d'Éirinn in idirbheartaíochtaí maidir le hathbhreithniú ar na rialacháin ghinearálta de minimis agus Seirbhísí Leasa Ghinearálta Eacnamaíochta (SGEI) de minimis de Chlár SAM in 2023.

I mí an Mhárta 2023, leathnaíodh raon feidhme an Chreata Ghéarchéime Shealadaigh (CGS) agus rinneadh an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe (CSGA) de, tar éis Teachtaireacht an Choimisiúin ar Phlean Tionsclaíoch an Mhargaidh Ghlais don Ré Ghlan-Nialais, agus mar fhreagra ar an Acht um Laghdú Boilscithe na SA. Chomhoibrigh Éire i gcomhar le roinnt Ballstát den dearcadh céanna chun Ráiteas Comhpháirteach a eisiúint inar áitíodh a bheith cúramach maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar iomaíochas chun solúbthacht rialacha Cúnaimh Stáit maidir leis an bpáirc chothrom sa mhargadh aonair a mhéadú tuilleadh. Ina theannta sin, cuireadh síneadh leis an tréimhse iarratais ar bhearta áirithe faoin CSGA go dtí an 30 Meitheamh 2024. Lig sé seo don Roinn cur le hinfheidhmeacht na mbeart atá clúdaithe ag Scéim Géarchéime Fiontraíochta na hÚcráine agus ag scéim na Monaróirí Micrileictreonaice, faoi seach, a fhadú go dtí lár na bliana 2024.

Chuir an Roinn go mór leis an gClár SAM in 2023 trí Pháipéar Seasaimh a chur isteach, le tacaíocht ó Bhallstáit eile a fhéachann leis an sainmhíniú ar Ghnóthas i nDeacracht a leasú i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le teacht ar na Treoirínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe agus ar an gclár um Nuachóiriú Cúnamh Stáit níos leithne. Dhéanfaidh sé sin aimhrialtacht a cheartú trína bhféadfaidh gnólaigh nuálacha luathchéime titim go neamhaireach leis

an sainmhíniú teicniúil ar ghnóthas i gcruachas agus dá bhrí sin tá siad faoi urchosc ó chlár Chúnaimh Stáit.

D'éirigh leis an Roinn comhaontú a fháil ón gCoimisiún chun scrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha a bhaineann le cúnamh do ghnólachtaí i gcruachas a mbíonn tionchar acu ar incháilitheacht do Chúnaimh Stáit i ngach scéim agus atá tábhachtach chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha. Tá na Treoirínte Tarrthála agus Athstruchtúraithe á leathnú ar feadh dhá bhliain chun é seo a éascú. Is í an Roinn an pointe teagmhála náisiúnta ag leibhéal an AE maidir le beartas Cúnaimh Stáit freisin agus oibríonn sí le hoifigigh ar fud na seirbhíse poiblí chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha Cúnaimh Stáit. In 2023, chuaigh an Roinn i dteagmháil le 160 oifigeach ó gach ceann de 27 gcomhlacht poiblí

Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta.

Is é an [Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí](#) (GADC) an sainghrúpa comhairleach reachtúil faoi Acht na gCuideachtaí 2014 atá freagrach as comhairle a thabhairt don Aire maidir le dlí na gcuideachtaí. Cuireann an Roinn rúnaíocht ar fáil don ghrúpa. Reáchtáil an GADC a 100ú Cruinniú Iomlánach in 2023. Le linn 2023 lean an GADC ar aghaidh ag cur Clár Oibre 2022-2024 i bhfeidhm. I mí na Nollag 2023 chuir an Grúpa dhá thuarascáil isteach; tuarascáil ar an [Athbhreithniú ar Chodanna 17, 23, agus 24 d'Acht na gCuideachtaí](#), agus [Tuarascáil ar Athbhreithniú ar Ráitis Comhlíonta na Stiúrtóirí faoi Acht na gCuideachtaí](#). Chuir Coiste um Dhócmhainneachta Chorporáideach an GADC cúnamh teicniúil leanúnach ar fáil don Roinn freisin i gcaibidlíocht ar leibhéal Mheitheal Oibre an AE maidir leis an togra le haghaidh Treorach maidir le gnéithe áirithe den dlí substainteach ar imeachtaí dócmhainneachta a chomhchuíbhí.

Forbairtí Reachtaíochta.

An tAcht um Rialú Onnmhairí 2023.

Siníodh *an tAcht um Rialú Onnmhairí 2023* ina dhlí i mí Dheireadh Fómhair 2023 lena neartaítear tiomantas na hÉireann do rialuithe onnmhairiúcháin éifeachtacha. Aisghairtear leis agus cuirtear in ionad an *Achta um Rialú Onnmhairí 2008* é agus forálann sé do rialú onnmhairiú ítimí is féidir a úsáid chun críocha sibhialta nó míleata agus chun soláthar seirbhísí bróicéireachta cúnaimh theicniúil a rialú i leith na n-ítimí sin nó chun idirthuras a rialú. Cinnteoidh an tAcht go leanfaidh Éire de chreat láidir a oibriú chun onnmhairiú ítimí rialaithe, go háirithe earraí dé-úsáide agus míleata a rialáil.

An tAcht Iomaíochta (Leasú), 2022.

Cuireadh tús leis an *Acht Iomaíochta (Leasú) 2022* i mí Mheán Fómhair 2023. Don chéad uair i ndlí na hÉireann, is féidir sáruihte ar dhlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú trí ghníomhartha riaracháin a dhéanann údarais iomaíochta, le fíneálacha uasta suas le €10 milliún nó 10% den láimhdeachas iomlán ar fud an domhain, cibé acu is mó. Chomh maith le fíneálacha riaracháin a thabhairt isteach, tugtar isteach san Acht freisin fíneálacha méadaithe mar gheall ar sháruihte ar dhlí na hiomaíochta, forálacha nua trócaire, foráil shainráite i gcoinne camastail tairiscintí agus cumhachtaí breise i réimsí na gcumasc agus na gcumhachtaí faireachais.

Déanann an tAcht beartas iomaíochta a ailíniú ar fud an AE, rud a chumasaíonn comhar níos fearr idir údarais iomaíochta agus ceadaíonn sé dúshlán a thabhairt do chleachtais mhídhleathacha thar theorainneacha. Tá reachtaíocht thánaisteach mar bhonn agus mar thaca aige, eadhon Rialacháin an *Achta Iomaíochta 2002* (Oifigigh Bhreithnithe) chun a chur i bhfeidhm éifeachtach a chinntiú. Forálann an tAcht d'athchóiriú

ar fhorfheidhmiú iomaíochta lena n-áirítear an Treoir ECN+ a thrasú. Chun cur chuige comhleanúnach i leith dhlí na hiomaíochta a chinntiú, cuireann an tAcht córas aonair i bhfeidhm chun sáruihte ar dhlí an AE agus ar dhlí náisiúnta araon.

Gníomhaíochtaí Ionadaíochta chun an tAcht um Leasanna Comhchoiteanna Tomhaltóirí a Chosaint, 2023.

Chuir an Roinn an tAcht um Gníomhartha Ionadaíochta chun Leasanna Comhchoiteanna Tomhaltóirí a Chosaint, 2023 ar aghaidh tríd an Oireachtas agus síníodh ina dhlí é i mí Iúil 2023. Ceadaíonn an tAcht do thomhaltóirí sásamh nó leigheas comhchoiteanna a lorg i leith sárú líomhnaithe ar a gcearta tomhaltóra ag trádálaithe.

Is í seo an chéad reachtaíocht dá cineál in Éirinn. Ceadaíonn sé d'eagraíocht atá ainmnithe mar Aonán Cáilithe (AC) caingean a ghlacadh os comhair na hArd-Chúirte, thar ceann grúpa tomhaltóirí ar sáraíodh a gcearta tomhaltóra mar atá liostaithe san Acht, anseo in Éirinn nó i mBallstáit eile trí chleachtais neamhdhleathacha ag trádálaithe. Tá sé mar aidhm ag an Acht leasanna comhchoiteanna tomhaltóirí a chosaint thar go leor réimsí, amhail cosaint sonraí, seirbhísí airgeadais, taisteal agus turasóireacht, fuinneamh agus teileachumarsáid, an comhshaol, eolaíochtaí beatha, cúram sláinte agus eitlíocht. Baineann an tAcht le sáruihte intíre agus trasteorann araon.

Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020

Síníodh Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (COVID-19), 2020 ina dhlí in 2020, agus rinneadh leasuithe sealadacha ar Acht na gCuideachtaí 2014 agus ar Acht na gCumann Tionscail agus Coigiltis 1893, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean a eascraíonn as COVID-19. Cinntíonn sé gur féidir le 240,000 cuideachta agus 950 cumann tionscail agus coigiltis in Éirinn a gcrúinnithe ginearálta Bliantúla agus a gcrúinnithe ginearálta a thionól trí mheán leictreonach. Rinne sé foráil freisin maidir le sócmhainneacht ghnó tríd an tréimhse scrúdaitheora a mhéadú go 150 lá agus an tairseach ag a meastar nach bhfuil cuideachta in ann a fiacha a íoc a mhéadú go €50,000. Bhí feidhm ag na leasuithe ar feadh tréimhse eatramhach suas go dtí an 31 Nollaig 2020 ar dtús.

I mí na Nollag 2023 d'fhormheas an Rialtas an séú síneadh ar an bhforáil shealadach a bhaineann le cruinnithe fíorúla suas go dtí an 31 Nollaig 2024. Soláthraíonn síneadh breise na forála seo cinnteacht do chuideachtaí agus do chomharchumainn. Ligfidh sé do chuideachtaí agus do chomharchumainn leanúint dá n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus ceadóidh sé do chomhaltaí stiúrthóirí a choinneáil cuntasach. Forálfadh an síneadh sin do chomhsheasmhacht go 2024, nuair atá sé i gceist ag an Aire Calleary forálacha reachtach buana a thabhairt chun cinn maidir le cruinnithe fíorúla agus hibrídeacha.

An Bille um Chomharchumainn 2022.

Foilsíodh Scéim Ghinearálta Bhille na gComharchumann i mí na Samhna 2022 agus tugtar isteach creat dlíthiúil nua-aimseartha a chuirfidh an tsamhail chomhoibríoch ar bhonn soiléir dlíthiúil níos fabhraí, rud a chruthóidh cothrom iomaíochta le cuideachtaí agus a spreagfaidh breithniú ar an múnla comhoibríoch mar rogha foirmithe tarraingteach d'fhiontraithe agus do ghníomhaíochtaí sóisialta agus pobail. Chríochnaigh an Comhchoiste an Oireachtais um Fhiontraíocht, Trádáil agus Fostaíocht grinnscrúdú réamhreachtach ar an reachtaíocht bheartaithe go luath in 2023 agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil i mBealtaine 2023. Cuireadh tús le dréachtú an Bhille i mí an Mhárta 2023 agus bhí sé ar siúl ag deireadh na bliana.

Treoracha / Rialacháin an AE.

An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (ASD).

Tháinig an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (ASD) (Rialachán (AE) 2022/2065) i bhfeidhm i mí na Samhna 2022 agus beidh feidhm iomlán aige ó mhí Feabhra 2024. Bunaíonn an ASD creat rialála ceannródaíoch chun úsáideoirí seirbhísí digiteacha an AE agus a gcearta bunúsacha a chosaint ar líne. Tá sé mar aidhm aige freagrachtaí na n-úsáideoirí, na n-ardáin ar líne agus na n-údaráis phoiblí a athchothromú de réir luachanna Eorpacha, rud a chuireann saoránaigh i lár an aonaigh.

Rinneadh triail rathúil ar chóras iniúchta deaschbhunaithe nua in 2023 agus tá obair ar siúl ar mhodúl forfheidhmithe an tionscadail TFC a ghabhann leis an Acht um Rialú Onnmhairí 2023 as a dtiocfaidh éifeachtúlachtaí mar thoradh air. In 2023 tháinig méadú ar líon na n-iniúchtaí go 37, ó 33 in 2022. Ghlac breis agus 150 onnmhaireoir páirt i seimineár gréasáin "cad a bheith ag súil leis" i mBealtaine 2023.

Smachtbhannaí Trádála an AE.

Rinne an Roinn idirbheartaíocht ar dhá phacáiste smachtbhannaí i gcoinne ionsaí leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le heilimintí trádála na bpacáistí. Tá sonraí na bpacáistí curtha in iúl trínár suíomh gréasáin agus le fógraí ar mheáin shóisialta na Roinne. Ghlac an Roinn páirt freisin i bhfor-rochtain ar an láthair chuig earnálacha poiblí agus príobháideacha i dtríú tíortha a bhfuil naisc stairiúla acu leis an Rúis lena n-áirítear an Tuirc, an Úisbéiceastáin agus an Chirgeastáin, chun braite imlíne agus laghdú ar imchéimniú a mhéadú.

EComhaid Reachtaíochta Trádála an AE.

Leanadh den chaibidlíocht, in 2023, maidir le Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán nuashonraithe maidir le Scéim Ginearálaithe Roghanna (SGR) an AE agus an Roinn i gceannas ar ionadaíocht ó Éirinn sa phlé a rinne an Chomhairle. Tugann an scéim rochtain níos éasca ar mhargadh an AE d'earraí a onnmhairítear ó thíortha i mbéal forbartha trí tharaifí allmhairiúcháin a dhíchur nó a laghdú go haontaobhach (ie ar bhonn neamh-chómhalartach). Tacaíonn Éire go gníomhach le scéim SGR an AE mar uirlis bhunúsach forbartha a

chabhraíonn go mór le tíortha tairbhiúla. Táthar ag súil go gcomhaontófar an Rialachán nua in 2024.

Tháinig Ionstraim Frith-Chomhéigean (IFC) an Aontais i bhfeidhm an 27 Nollaig 2023 agus tugtar sásra don AE anois chun gníomhartha comhéigean eacnamaíoch ag tríú tíortha a dhíspreagadh agus freagairt dóibh, más gá. Leis an ionstraim, arna comhaontú ag AE 27, tugtar raon leathan frithbhearta don Choimisiún Eorpach má fhéachann agus nuair a fhéachann tríú tír, le tionchar éagórach a imirt ar an AE nó ar a Bhallstáit ó chuspóirí dlísteanaigh beartais a shaothrú. Áirítear ar na bearta a shamhlaítear faoin ionstraim taraifí a fhorchur, srianta ar thrádáil i seirbhísí agus gnéithe a bhaineann le trádáil de chearta maoine intleachtúla, agus srianta ar rochtain ar infheistíocht dhíreach eachtrach agus ar sholáthar poiblí. Le linn na caibidlíochta, rinne an Roinn iarracht a áirithiú go bhfuil na Ballstáit cosanta go leordhóthanach ó aon tionchar diúltach a bheadh ag frithbhearta an AE agus go gcuirfí tuairimí na mBallstát san áireamh sula bhfeidhmítear aon fhreagra ón AE.

Leathnaíodh Bearta Trádála Uathrialacha (BTUanna) don Úcráin agus don Mholdóiv, a cuireadh i bhfeidhm ar dtús in 2022, i mí an Mheithimh 2023 ar feadh bliana eile. Cuidíonn na bearta sin leis an staid dheacair atá roimh tháirgeoirí agus onnmhaireoirí san Úcráin agus sa Mholdóiv araon a mhaolú mar gheall ar chogadh ionsaitheach na Rúise gan spreagadh agus gan údar. Thacaigh Éire go gníomhach le cur i bhfeidhm na mbearta sin.

Gnó Freagrach.

Táthar ag déileáil le raon riachtanas éigeantach nua an AE maidir le gnólachtaí Éireannacha, atá deartha chun inbhuanaitheacht, an geilleagar ciorclach agus meas ar chearta an duine a fheabhsú, le chéile faoin gceannteideal 'Gnó Freagrach'.

Seoladh an Fóram Gnó Freagrach, faoi chathaoirleacht an Aire Calleary, i Meán Fómhair 2023 mar fhoghrúpa den Fhóram Fiontair. Tá an cruinniú comhchéime nua seo ag cur chun cinn an rannpháirtíocht idir lucht déanta beartas agus geallsealbhóirí na Roinne i mbearta inbhuanaitheachta corparáidí atá á dtabhairt ar aghaidh ag an AE. Tá straitéis chumarsáide, leathanach gréasáin nua agus grúpa teagmhála inmheánach bunaithe chun cur chuige comhsheasmhach agus teachtaireachtaí foriomlána comhleanúnacha don chlár oibre seo a chinntiú. Thug seimineár gréasáin samhraidh a raibh glacadh maith leis aird an phobail ar roinnt de na bearta faoi Ghnó Freagrach. Mar chuid amháin den chlár oibre leathan seo, déanann an Roinn ionadaíocht ar Éirinn ag caibidlíocht an AE maidir leis an togra chun táirgí a dhéantar le saothar éigeantais a thoirmeasc ó mhargadh an AE.

In 2023 cuireadh an Ionstraim um Thacaíocht Teicniúil i bhfeidhm go rathúil chuig an gCoimisiún Eorpach freisin. Ag eascairt as an bhfeidhmchlár rathúil seo, forbrófar “Compás Gnó Freagrach” nua chun cabhrú le gnólachtaí agus le lucht déanta beartas araon tionchar gach ceann de na bearta éagsúla faoin gclár oibre leathan seo a thuiscint, agus conas a idirghníomhóidh siad lena chéile.

Gnó agus Cearta Daonna.

Tá an Roinn ag obair leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun an dara Plean Náisiúnta um Ghnó agus Cearta an Duine a fhorbairt. Reáchtáladh comhairliúchán poiblí i bhfómhar na bliana 2023 agus reáchtáladh an chéad bhabhta de rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i mí na Nollag 2023.

Treoirlínte an ECFE Maidir le Fiontair Ilnáisiúnta (MNEanna) Maidir le hlompar Gnó Freagrach.

D'éirigh le Pointe Teagmhála Náisiúnta an ECFE (atá mar chuid den Roinn) do na Treoirlínte ar lompar Freagrach Gnó cásanna a thabhairt chun críche agus a thorthaí a fhoilsiú. Leanann an Pointe Teagmhála Náisiúnta ag obair le MNEanna agus leis an tsochaí shibhialta chun cásanna casta agus íogaire a chur chun cinn. D'fhreastail an tAire Coveney ar an gcéad chruinniú Aireachta riamh de chuid an ECFE ar lompar Freagrach Gnó i mí Feabhra 2023, agus ina dhiaidh sin foilsíodh Treoirlínte nuashonraithe an ECFE maidir le Fiontraíocht Ilnáisiúnta ar lompar Freagrach Gnó.

An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT).

Lean foirne na Roinne i mBaile Átha Cliath, sa Bhruiséil agus sa Ghinéiv ag plé go dian le hábhair a bhaineann leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a bhfuil tábhacht lárnach ag baint leo mar chaomhnóir na trádála iltaobhaí atá bunaithe ar rialacha.

In 2023, lean an EDT agus a Comhaltaí ag ullmhú don 13ú Comhdháil Aireachta (MC-13) a bhí ar siúl in Abú Daibí i mí Feabhra 2024. Áirítear le rannpháirtíocht na EDT plé leanúnach ar athchóiriú na EDT, lena n-áirítear Próiseas um Réiteach Díospóide atá ag feidhmiú go hiomlán agus atá mar thosaíocht ag Éirinn agus ag an AE a athbhunú; trádáil agus sláinte; slándáil bia; an dara sraith forálacha maidir le fóirdheontais iascaigh; ríomhthráchtáil lena n-áirítear síneadh ar an moratóir ar dhleachtanna custaim; caibidlíochtaí ar thrádáil atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i plaistigh; athchóiriú ar fhóirdheontas breosla iontaise; agus comhaontú maoine intleachtúla (tarscaoileadh TRIPS) ar theiripí agus diagnóisic chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhreastail an Roinn ar Chruinniú Oifigeach Sinsearach chun dul i dteagmháil le réimsí tosaíochta eile de chuid an EDT agus é mar aidhm aige saincheisteanna a chur chun cinn i raon leathan réimsí roimh MC-13.

An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Tá an Roinn i gceannas ar rannpháirtíocht na hÉireann leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), sainghníomhaireacht de chuid na NA a dhéileálann le saincheisteanna mhargadh an tsaothair. Comhordaítear seasaimh náisiúnta ar Bhord Rialaithe an EIS agus ar chláir oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta Saothair trí Ghrúpa Idir-Rannach, a thugann le chéile Ranna a bhfuil freagracht bheartais orthu as míreanna ar chláir oibre fadréimseach an EIS. Príomhghné d'obair an Ghrúpa is ea rannpháirtíocht eagraíochtaí ionadaíocha fostóirí agus fostaithe, chun a léiriú gur eagraíocht thríthaobhach í an EIS.

In 2023, rinne an Roinn ionadaíocht thar ceann na hÉireann i gcáil bhreathnóra ag seisiún Chomhlacht Rialaithe an EIS agus bhí sé i gceannas ar thoscaireacht thrípháirteach chuig an 111ú Comhdháil Idirnáisiúnta Saothair. Tá an Roinn freagrach as caighdeáin saothair a dhaingniú agus as tuairisciú don EIS ar a n-iarraitas in Éirinn.

Grinnscrúdú Oireachtas

Ag teacht le hoibleagáidí Iniúchta Oireachtais AE na Roinne, chuir an Roinn an tOireachtas ar an eolas faoi 32 togra AE maidir le raon saincheisteanna beartais, chomh maith lena hoibleagáid a chomhlíonadh dhá thuarascáil sé mhí ar fhorbairtí de chuid an AE a chur isteach.



Spríoc Straitéiseach 6:

Roinn nuálach agus lúfar a fhorbairt le héiteas láidir seirbhíse poiblí a spreagann cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais.

Comhthéacs.

Leagtar amach sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht príomhthosaíochtaí don Roinn chun tacú le gnólachtaí dul i dtaithí ar athrú aeráide agus digiteach, rud a d'fhág go raibh tosaíochtaí breise oibre agus éilimh bhreise ar fhoireann na Roinne. In 2023, lean Rannóg Seirbhísí Corparáideacha na Roinne ag tacú le seachadadh ár gcuspóir straitéiseach chun Roinn nuálach agus lúfar a fhorbairt. Baintear é seo amach trí thacaíochtaí AD agus Foghlama & Forbartha, airgeadas, buiséad agus seirbhísí cuntasáíochta, tacaíochtaí TFC, comhairle dlí, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, seirbhísí tacaíochta rialachais agus bainistíochta, agus áiseanna (lóistín, soláthar sláinte agus sábháilteachta, bainistíocht taifead).

Airgeadas.

Chuir na Meastacháin Athbhreithnithe 2023 leithdháileadh comhlán €1.621.4 billiún don Roinn le húsáid in 2023. Áiríodh leis seo maoiniú suntasach neamhlárnach de €649.13 milliún chun tacú le híocaíocht deontas faoin Scéim Tacaíochta Fuinnimh Gnó Sealadach (TBESS). Chuir an Meastachán maoiniú breise de €54.5 milliún ar fáil don Roinn freisin ó leithreasáil caipitil 2022 nár caitheadh a thabhairt ar aghaidh.

Thug an maoiniú a cuireadh ar fáil don Roinn in 2023 deis dúinn tacú lenár nOifigí agus Gníomhaireachtaí agus a chinntiú go raibh dóthain acmhainní acu chun a sainorduithe a chomhlíonadh, ár sraith clár forbartha fiontraíochta, nuálaíochta agus rialacháin a sheachadadh, chomh maith le tacú le bearta scoite amhail TBESS, an Scéim lasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta, scéim lasachta um Ráthaíocht Chreidmheasa na hÚcráine agus bunú Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha.

Bhí Meastachán Forlíontach ag an Roinn a d'fhaomh an Dáil i mí na Nollag 2023. Bhí nádúr teicniúil ag baint leis an Meastachán Forlíontach agus bhain sé le hathdháileadh €43.405 milliún i gcoigilteas chun tosaíochtaí ar roinnt clár reatha agus caipitil a chomhlíonadh.

Foilsíodh Cuntas Leithreasa 2022 na Roinne i dTuarascáil an Ard-Reachtaire

Cuntas agus Ciste agus fuarthas tuairim iniúchóireachta soiléir.

Athbhreithniú ar Chaiteachas Poiblí.

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsigh an Roinn athbhreithniú ar an [gCaiteachas Caipitil san Earnáil Fiontar](#) faoin bpróiseas Athbhreithnithe ar Chaiteachas Poiblí 2023. Rinne an t-athbhreithniú sin anailís théamach ar an gCaiteachas Caipitil san Earnáil Fiontar agus scrúdaíodh athruithe ar leibhéal an chláir thar an tréimhse 2013-2022, agus cibé an raibh na hathruithe sin ag teacht leis na tosaíochtaí beartais náisiúnta agus ranna. Cabhróidh torthaí na hanailíse le heolas a thabhairt don phlé ar an aillíniú idir beartas fiontraíochta na Roinne – lena n-áirítear cur i bhfeidhm an *Pháipéir Bháin ar Fhiontraíocht* agus caiteachas caipitil na Roinne.

Straitéisí Tionsclaíocha Caimníochtaithe.

Chuaigh an Roinn i dteagmháil le tionscadal ECFE “Straitéisí Tionscail Caimníochtaithe” a bhfuil sé mar aidhm acu caiteachas beartais thionsclaíoch a thomhas ar fud thíortha an ECFE i dtéarmaí caiteachais bheartais thionsclaíoch, tosaíochtaí beartais, ionstraimí beartais agus faighteoirí. Tháirg an tionscadal tuarascáil anailíse agus nótaí tíre a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023.

Straitéis Daoine.

Straitéis Daoine 2021-2024.

In 2023, leanamar orainn ag cur gníomhaíochtaí i bhfeidhm i gcomhréir [Straitéis Daoine](#) na Roinne. Is iad seo a leanas na trí phríomhsprioc na Straitéise Daoine: a bheith i d'Fhostóir Rogha; chun fórsa Saothair Athléimneach a fhorbairt a bheith in ann athruithe agus dúshláin amach anseo a sheasamh; agus a bheith ina Ionad Oibre Uilechuimsitheach a thacaíonn le comhionannas deiseanna don fhoireann ar fad.

Dualgas na hEarnála Poiblí.

Faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá dualgas reachtúil ar gach comhlacht poiblí aird a thabhairt ar chearta an duine agus ar cheisteanna comhionannais i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna. Maidir leis sin, tá tiomantas láidir ag an Roinn don éagsúlacht, don chomhionannas inscne agus don chóir chothrom agus chomhionann do chách agus d'éiteas tiomanta neamhspleáchais, ionracais agus neamhchlaontachta sa tseirbhís poiblí.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

In 2023, fuaireamar creidiúnú 'Infheisteoirí san Éagsúlacht – Airgead' trí Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht. Is é Infheisteoirí san Éagsúlacht marc creidiúnaithe Éagsúlachta agus Cuimsithe na hÉireann. Dearbhaíonn creidiúnú airgid go bhfuil an eagraíocht tagarmharcáilte i gcoinne comhlachtaí eile agus go bhfuil cleachtais chuimsitheacha leabaithe ar fud na heagraíochta agus gur fhorbair sé braistint cothroime agus muintearas i measc comhghleacaithe. Is éard a bhí i gceist le measúnú don chreidiúnú seo ná anailís ar ár mbeartais, nósanna imeachta, agus tuairimí agus taithí na foirne. De bhun an mheasúnaithe, bunaíodh dhá ghrúpa foirne, lena n-áirítear grúpa oibrithe deonacha,

chun a thorthaí a úsáid chun an chéad Straitéis ED agus I de chuid na Roinne a fhorbairt, atá le seoladh go luath in 2024. Áiríodh mar chuid den obair seo foireann na Roinne ag na leibhéil is sinsearaí a thug faoi oiliúint 'Ceannaireacht Chuimsitheach' in 2023. I gcomhréir le tiomantas an Rialtais céatadán na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaíthe san earnáil phoiblí a mhéadú go 6% faoi 2024, tá leibhéal 7% bainte amach ag an Roinn.

Athbhreithniú ar Bheartas Oibre Cumaiscthe.

Rinneadh meastóireacht iomlán ar bheartas Oibre Cumaisc na Roinne in 2023, lena n-áirítear comhairliúchán leis an bhfoireann, athbhreithniú ar dhea-chleachtais, agus beartais i Ranna Státseirbhíse eile. Rinneadh an beartas a athfhoilsiú agus a chur in iúl arís don fhoireann ó mhí Iúil 2023 ar aghaidh. Ba iad príomhghnéithe an bheartais athbhreithnithe ná íostinreamh dhá lá ar an láthair a choinneáil d'fhoireann incháilithe; an ceanglas ar bhaill foirne solúbthacht a thabhairt do riachtanais ghnó; gach foireann a bheith i láthair le haghaidh 'Laethanta Ancaire' na foirne agus na Rannóige; agus gach foireann chun 'Cairt Foirne' a fhorbairt le tacaíocht ón bhfoireann AD. Bunaíodh rannóg nua freisin chun díriú ar chultúr láidir tacúil na Roinne a chothú i dtimpeallacht chumaisc.

Tuairisciú agus Taighde ar an mBearna Phá idir na hInscní.

Ceanglaítear le Rialacháin an Aichta um Fhaisnéis faoi Bhearna Pá Inscne 2021 ar eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar an mbearna pá in aghaidh na huairé ina n-eagraíocht thar raon méadrachtaí. I mí na Nollag 2023, d'fhoilsigh an Roinn a [dara tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní](#) bunaithe ar shonraí amhail an 24 Meitheamh 2023.

Bhí 928 fostaíthe ag an Roinn: 57% de mhná agus 43% d'fhir, tráth an

tuairiscithe. Is é 10.86% bearna phá inscne na roinne. Is é 48.05% an céatadán d'fhostaithe bainearna laistigh den cheathairil luach saothair uachtarach. In 2023, táimid tiomanta do roinnt gníomhaíochtaí ar nós úsáid a bhaint as tionscnaimh foghlama agus forbartha gairme chun ár gcur chuige i leith ED agus I a fheabhsú agus taighde cáilíochtúil a dhéanamh ar dhul chun cinn gairme ban sa Roinn. In 2023 chuimsigh an taighde seo sraith agallamh le baill foirne mná, agus suirbhé ar fud na foirne chun tuiscint a fháil ar na tiománaithe éagsúla taobh thiar d'fhorbairt ghairme daoine aonair.

Clár Taithí Oibre na hIdirbhliana.

In 2023, d'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar a chéad [bheartas taithí oibre don Idirbhliain \(TY\)](#) agus lainseáil muid clár Idirbhliana do 2023/2024. I mí na Samhna 2023, d'óstálar ceathrar mac léinn chun páirt a ghlacadh sa chlár seo, i gcomhpháirtíocht le tionscnamh taithí oibre na hIdirchathrach Thoir Thuaidh (NEIC).

Pleanáil an Fhórsa Saothair.

Mhéadaigh líon na ndaoine a bhí ag fónamh sa Roinn go 975.38 coibhéis lánaimseartha ag deireadh 2023, méadú ó 933.06 coibhéis lánaimseartha ag deireadh 2022. Le linn 2023, b'ionann laghdú nádúrtha, acmhainní breise agus deiseanna cur chun cinn agus 'méadú' suntasach foirne i rith na bliana le 142 daoine nua, 108 Bealach Amach, lena n-áirítear 27 scor, 61 aistriú inmheánach, agus 86 ardú céime.

Lean muid orainn ag feidhmiú i margadh saothair an-dian. Maidir le hearcaíocht in 2023, tugadh faoi rannpháirtíocht rialta leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) chun gráid ghinearálta agus roinnt sainphoist a earcú. Rinne an tAonad AD bainistiú ar dhúshláin phiblíne tallainne chun tacú le foirne ar fud na Roinne cuspóirí rithabhachtacha agus tosaíochta a bhaint amach.

Thug an Roinn faoi ghníomhaíochtaí foirmiúla pleanála don fhórsa saothair leis an mBord Bainistíochta ar dhá ócáid ar leith le linn 2023, a thug eolas do thionscnaimh foghlama agus forbartha, dearadh eagraíochta agus acmhainní méadaithe i réimsí ina bhfuil méadú tagtha ar shainordú na Roinne (digiteach, aeráid agus réimsí eile).

Lean muid orainn ag tacú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) le linn 2023 mar fhreagra ar chúnamh leanúnach na hÉireann dóibh siúd a ndeachaigh an cogadh san Úcráin i bhfeidhm orthu. Ath-implonnaíodh ball foirne amháin go buan in 2023 agus d'fhan beirt bhall foirne ar iasacht chun tacú le seirbhís phoiblí luachmhar a sholáthar.

Leanann an fhoireann AD ag obair go dlúth leis na hoifigigh in Aonad Idirchaidrimh agus Aonad Airgeadais na Roinne, agus le comhghleacaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an PFN chun tacaíocht leordhóthanach a chinntiú don fhoireann ina hocht ngníomhaireacht agus sannacháin do na Boird Stáit faoina choimirce. Próiseáladh breis agus 60 iarratas in 2023 chun déileáil le folúntais a líonadh agus poist nua a bhunú do Ghníomhaireachtaí Stáit, agus tugadh faoi 2 fheachtas PAS chun 18 bhfolúntas a líonadh a tháinig chun cinn ar Bhoird Stáit faoi shainchúram na Roinne.

Foghlaim agus Forbairt Gairme.

Chuaigh 868 (90%) ball foirne i ngleic le ceann de na 400 cúrsa a cuireadh ar fáil go himmheánach agus ag OneLearning le linn 2023. Ina theannta sin, lean an tairiscint oiliúna intí ag leathnú, ag soláthar 17 Seisiún Faisnéise agus 16 Seisiún Lóin & Foghlama. Rinneadh cuid mhaith de na seisiúin a thaifeadadh agus cuireadh ar fáil go héasca don fhoireann iad.

In 2023, rinneamar maoiniú ar 38 ball foirne a thug faoi chúrsaí acadúla 3ú leibhéal in 2023 thar raon disciplíní atá ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne amhail Beartas um Athrú Aeráide, Dréachtú Reachtaíochta, Beartas Eacnamaíoch, Riarachán Gnó, Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Rialachas. Lean ár gClár Meantóireachta ar aghaidh ag feidhmiú mar uirlis shuntasach chun tacú le fás agus forbairt na foirne le 76 duine san iomlán ag glacadh páirte agus ghlac 18 gceannaire sinsearach san iomlán páirt sa chlár Cóitseála Feidhmiúcháin.

Tháinig deireadh leis an tairiscint um Foghlaim agus Forbairt Gairme nuair a seoladh ár 'Acadamh Fiontair' go rathúil, ardán ilfhreastail don fhoghlaim agus don fhorbairt a fhaigheann tacaíocht agus maoiniú ón Roinn agus trí rochtain ar OneLearning. Is é aidhm ár nAcadamh Fiontair foghlaimoirí ar feadh an tsaoil a spreagadh agus an taithí ar dheiseanna foghlama riachtanacha a aithint a dhéanamh níos inrochtana.

In 2023 díriodh go láidir ar Chlár Ionduchtúcháin na Roinne a oiriúnú agus a fheabhsú, ag baint úsáide as teicneolaíocht chun a chinntiú gur tugadh deis do dhaoine nua tagairt a dhéanamh don tsraith modúl atá sa Chlár Ionduchtúcháin le linn ionduchtaithe agus sna míonna ina dhiaidh sin. Tá físeáin ríomhfhoghlama sna modúil a bhaineann le hobair ár Roinne agus lenár ról mar státseirbhísigh. Áirítear ar na modúil freisin imeacht líonraithe pearsanta chun nascacht agus deis a chinntiú chun caidrimh a chothú le comhghleacaithe.

Teagmhálacha agus Ranníocaíochtaí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

I gcomhréir lenár dtiomantas chun rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFlanna) a chur chun cinn, chuir an Roinn ionchuir ar fáil maidir leis na

spriocanna SFI atá ar bun acu. Bhí baint ag an Roinn freisin le cur chun cinn eagrán 2023 de Chlár Curadh an SFI agus chuir sí ionchuir ar fáil i dtreo an dréacht den dara hAthbhreithniú Náisiúnta Deonach de chuid na hÉireann ar na SFlanna, a cuireadh faoi bhráid Fhóram Polaitiúil Ardleibhéil na NA ar Fhorbairt Inbhuanaithe i mí Iúil 2023.

Cumarsáid.

An tAonad Cumarsáide Corparáidí, lena n-Áirítear Cosaint Sonraí, SF agus Seirbhís do Chustaiméirí.

2Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán ag an Aonad Cumarsáide Corparáidí a fheastalaíonn ar chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon mar an fhoireann nua-mhúnlaith a chuimsíonn Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide; Feachtais agus Digiteach; SF agus Seirbhísí do Chustaiméirí; Cumarsáid Inmheánach; agus Cosaint Sonraí.

Chomhlíon an Roinn na gealltanais a tugadh maidir le seirbhísí do chustaiméirí a sholáthar faoi Chairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta 2022-2024 na Roinne, ag cinntiú go raibh rochtain iomlán ar sheirbhísí agus go raibh cosaint ar fhaisnéis phearsanta. In 2023, fuair agus phróiseáil an Roinn 285 iarratas um Shaoráil Faisnéise. In 2023, fuair an Roinn agus a hOifigí 90 iarratas ar Rochtain Ábhair, agus próiseáladh iad sin de réir fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018. Léiríonn sé sin méadú beagnach 88% ar an mbliain roimhe sin.

Chinntigh an Roinn freisin gur tugadh gealltanais maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge, agus na forálacha nua a tugadh isteach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 á gcur i bhfeidhm ag an am céanna.

Chuir athdhearadh leathanach baile inlín na Roinne gnéithe úsáideacha agus

coitianta ar fáil agus tugadh réimse nuachta agus fóram díospóireachta níos bríomhaire isteach. Foilsíodh os cionn 370 scéal nuachta i rith na bliana ag soláthar meascán de nuacht shóisialta, folláine agus gnó agus feachtais don fhoireann.

Cumarsáid Sheachtrach.

Ba é príomh-mhisean an Aonaid um Chumarsáid Chorporáideach le linn 2023 feasacht a ardú agus na tionchair a bhaineann leis an gcaoi a gcomhlíonann an Roinn a spriocanna straitéiseacha a chur in iúl. Le roinnt blianta anuas, tá an deis aitheanta ag an Roinn cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara trínár dtairiscint dhigiteach, a chuimsíonn ár suíomh gréasáin agus dhá chainéal meán sóisialta, [X](#) agus [LinkedIn](#). Chuir an Roinn teachtaireachtaí chun cinn freisin trí bhealaí eile meán sóisialta agus ar líne i bhfeachtais fógraíochta íoctha.

Bhí 7.5 milliún amharc ar an [suíomh](#) gréasáin corporáideach i rith na bliana, agus ar na hábhair ba choitianta bhí ceadanna fostaíochta, Gnó Níos Fearr a Fhorbairt, Ciste Nuálaíochta Teicneolaíochtaí Suaiteacha, fócaíochtaí déanacha agus smachtbhannaí trádála. Mhéadaigh liosta na síntiúsóirí [Nuachtlitir Fiontraíochta](#) faoi bheagnach 1,150 go breis agus 4,000 síntiúsóir agus le linn 2023 bhog sé ó fhoilseachán míosúil go dtí babhta nuachta ón Roinn a sholáthar do shíntiúsóirí gach coicís.

Bhí rannpháirtíocht láidir ar leathanach LinkedIn na Roinne, ag críochnú in 2023 le beagnach 83,000 lucht leanúna. Tháinig méadú freisin ar chuntas X na Roinne (@DeptEnterprise) agus tháinig méadú de bheagnach 1,500 ar líon na lucht leanúna go dtí beagnach 34,000 lucht leanúna.

Le linn 2023, chuireamar na naoi n-imeacht Ag Forbairt Gnó Níos Fearr chun cinn ar fud na tíre. I

measc na bhfeachtas cumarsáide réamhghníomhach eile bhí feachtas reachtaíochta fostaíochta – *Tagann sé leis an bpost* atá dírithe ar athruithe ar an bPá Íosta Náisiúnta agus sochair saoire bhreuiteachta fostaíthe, cur chun cinn na Scéime Tacaíochta d'Úsáideoirí Gnó do Cheirisín agus tacú agus oibriú lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais ar a Feachtas feasachta an Breatimeacht a chuimsigh athruithe ar rialuithe allmhairithe na RA.

TFC.

Teicneolaíocht a Úsáid le hAghaidh Seachadadh agus Éifeachtúlacht Seirbhíse Éifeachtach.

In 2023, lean foireann TFC na Roinne lena gcuid oibre maidir le clár uailmhianach ilbhliantúil a sheachadadh chun raon mór-iarratais oidhreacht a uasghrádú. Seoladh córas nua sceidealaithe néal-óstaithe don Chúirt Oibreachais i mí na Samhna 2023, agus rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le forbairt cumais chórais nua (a bheidh á óstáil ag néal freisin) chun seachadadh Ceadúnaithe Easpórtála agus Seirbhíse Ceadúnais Fostaíochta a bhainistiú. Soláthróidh na córais nua sin, atá le dul beo le linn 2024, seirbhíse nua-aimseartha freagrúla a bheidh dírithe ar an gcustaiméir mar aon le córais bainistithe cásanna cúloifige éifeachtúla.

Seachadadh éifeachtúlacht trí uathoibriú próisis róbatacha a imscaradh laistigh den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre chomh maith le tairseach nua atá os comhair an phobail a fhorbairt chun gearáin a logáil chuig an gCoimisiún atá le seoladh in 2024. Ina theannta sin, rinneadh roinnt feabhsuithe agus uasghráduithe ar phríomhchórais in Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann. Rinne an Roinn tuilleadh oibre le linn 2023 chun cibear-staidiúir na Roinne a ailíniú le Caighdeán Bunlíne Cibearshlándála an Ionaid Náisiúnta Cibearshlándála.

Ag tacú le ról beartais na Roinne maidir le hacmhainneacht na hIntleachta Saorga a uasmhéadú, thosaigh an Roinn ag iniúchadh deiseanna freisin chun Intleacht Shaorga a ghíaráil laistigh de phróisis inmheánacha na Roinne chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí don phobal. Lean an Roinn freisin le clár forbartha seirbhíse chun tacú le cianobair agus obair hibrídeach lena n-áirítear imscaradh Foinne Microsoft chuig fóin phóca na Roinne. Rinneadh uasghrádú suntasach freisin ar shaoráidí cruinnithe closamhairc ar fud fhoirgnimh na Roinne, chun tacú le cruinnithe hibrídeacha agus chun eispéreas an úsáideora a fheabhsú agus iad i dteagmháil le páirtithe leasmhara.

Mar a tharla sna blianta roimhe sin, lean foireann TFC na Roinne ar aghaidh ag tacú le seirbhís láidir dá foireann go léir agus chuir siad rannpháirtíocht agus comhordú leanúnach ar fáil le struchtúir Rialtais maidir le pleanáil agus freagairt éigeandála.

Anailís Faoi Thiomáint ag Anailísíocht Sonraí ar Thaifid OCC.

Tá an Roinn, ag obair i gcomhar leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC), ag tabhairt faoi thionscadal anailísíochta sonraí freisin chun sonraí a bhaint as tuarascálacha bliantúla atá i seilbh an OCC. Is é aidhm an tionscadail bunachar sonraí saibhir, struchtúrtha d'fheidhmíocht cuideachta a thógáil le haghaidh anailíse beartais atá bunaithe ar fhianaise. Tá bogearraí foinse oscailte R á n-úsáid chun sonraí an chláir chomhardaithe agus an chláir bhrabúis agus chaillteanais a bhaint as na PDFanna tuarascála bliantúla. In 2023 críochnaíodh agus faomhadh samhail fhréamhshamhail, agus tá tús curtha le hobair chun an tionscadal a mhéadú chun staitisticí léargasacha a ghiniúint ar fheidhmíocht airgeadais cuideachtaí.

Rialachas Corparáideach.

Iníúchadh Inmheánach.

Rinne Iníúchadh Inmheánach athbhreithniú agus athbhreithniú ar a phlean oibre bliantúil in 2023 agus bhí sé fós dírithe ar rioscaí straitéiseacha agus a chlár iniúchta á ghlacadh ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn. Cuireadh na tuarascálacha iniúchta seo a leanas faoi bhráid an Choiste Iníúcháireachta i rith na bliana:

- Athbhreithniú ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh 2022.
- An Oifig um Chlárú Cuideachtaí/ Cláraitheoir na gCara-Chumann/Clár Úinéireachta Tairbhiúla.
- Oifig Maoine Intleachtúil na hÉireann (OMIÉ).
- An Chúirt Oibreachais.
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) – Idirchaidreamh agus Rialachas.
- Idir-Thrádail Éireann (ITI) – Idirchaidreamh agus Rialachas.
- An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO).
- Athbhreithniú ar Chomhlíonadh GDPR.
- Údarás Maoirseachta Iníúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) – Idirchaidrimh agus Rialachas.
- An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) – Idirchaidreamh agus Rialachas.

Táirgeadh an Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta do 2022, mar a cheanglaítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Ráiteas Straitéise.

Ceanglaítear ar ranna rialtais Ráiteas Straitéise nua a ullmhú laistigh de shé mhí ó ceapadh aire nua. Is é an cuspóir atá leis ná fíis, misean, luachanna agus spriocanna ardleibhéil na Roinne a leagan amach don tréimhse amach romhainn. Foilsíodh ár [Ráiteas Straitéise 2023-2025](#) i mBealtaine 2023.

Déanann sé achoimre ar straitéis na Roinne agus tugann sé breac-chuntas ar ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha.

Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide an Rialtais Sainordú Seirbhíse Poiblí faoina gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí cloí le ceithre cheannteideal agus tuairisc a thabhairt orthu: ár spriocanna, ár ndaoine, ár mbealach oibre agus ár bhfoirgnimh agus ár bhfeithiclí. Leagtar amach sa [Climate Action Roadmap](#) 2021-2023 na Roinne a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2023 an chaoi a bhfuil an Roinn ag laghdú astuithe agus ár dtiomantas chun ár spriocanna dícharbónaithe agus inbhuanaitheachta a bhaint amach agus déanfar athbhreithniú bliantúil gach bliain i gcomhréir leis an Sainordú. Léiríonn [tuarascáil](#) 2022 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí go bhfuil 62% de choigilteas fuinnimh curtha ar fáil ag an Roinn ón mbliain bhunlíne (2009). Tá sé seo níos mó ná an sprioc tosaigh 33% atá leagtha síos do chomhlachtaí poiblí. Tá an Roinn ag obair anois chun an sprioc 2030 de 50% a bhaint amach.

Bainistíocht Taifead.

Comhlánaíonn agus cuireann Straitéis Bainistíochta Taifead na Roinne 2023-2026 le gníomhaíochtaí dea-chleachtais maidir le beartas bainistíochta taifead trí phlean cur chun feidhme straitéiseach 3 bliana a leagan amach chun seachadadh córas soiléir cuntasachta agus freagrachta as taifid a éascú. Léiríonn an straitéis an cur chuige dhá thaobh maidir le tógáil ar an móiminteam don athrú le linn aistriú na Roinne chuig an bhfeidhmchlár bainistíochta taifead eDocs agus cur chuige córasach agus pleanáilte a chinntiú maidir le bainistiú taifead a chlúdaíonn taifid ó chruthú go diúscairt, trí mhaoirseacht agus éifeachtúlacht láidir.

Soláthar Corparáideach.

Leagtar amach i bPlean Soláthair Chorporáidigh na Roinne 2023 an chaoi a bhfuil an Roinn tiomanta do dhea-chleachtas inár ngníomhaíochtaí soláthair ar fad ar fud na Roinne agus a hOifigí. Tá cuspóirí an phlean dírithe ar chomhlíonadh na gceanglas dlí soláthair a chinntiú, cloí le beartais soláthair, trédhearcacht agus cuntasacht a neadú i gcleachtais soláthair, tacú le SMEanna, measúnuithe bainistíochta riosca a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide, an fhoireann a chur ar an eolas faoin gcaoi ar cheart soláthar a fhorbairt agus sármhaitheas a bhaint amach i dtorthaí foriomlána an tsoláthair.

Soláthar Glas.

Éilíonn Ciorclán Seachadta agus Athchóirithe PFN na Roinne Caiteachais Phoiblí 20/2019 nach mór do gach Roinn tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar a soláthar poiblí glas (SPG). Cuimsíonn an teimpléad in Aguisín 3 na hocht n-earnáil tosaíochta atá liostaithe i dTreoir um Sholáthair Glas 2014 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don Earnáil Phoiblí agus taispeánann sé luach iomlán na gconarthaí (os cionn €25,000) a d'eisigh an Roinn seo in 2023.

Ráiteas Sábháilteachta.

Ullmhaíodh ráiteas sláinte agus sábháilteachta 2023 na Roinne de réir Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Agus é ag aithint go bhfuil sábháilteacht agus sláinte mar chuid lárnach dár gcuid oibre ó lá go lá, tá an Roinn tiomanta a chinntiú go gcomhlíonann sé oibleagáidí reachtúla chun sábháilteacht, sláinte agus folláine san ionad oibre a bhainistiú agus a chomhordú trí chóras éifeachtach bainistíochta sábháilteachta, agus córais agus cultúr i bhfeidhm a chloíonn leis an gcleachtas is fearr. Léiríonn Ráiteas Sábháilteachta 2023 ár rún mar Roinn leanúint ar aghaidh ag iarraidh

sábháilteacht, sláinte agus folláine gach comhghleacaithe a chosaint ar na caighdeáin is airde is féidir.

Beartas um Nochtadh Cosanta.

Cuireadh tús leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ar 1 Eanáir 2023. Soláthraíonn an tAcht creat reachtúil inar féidir le hoibrithe inni ar ardú maidir le héagóir a d'fhéadfadh a tháinig ar a n-aird san ionad oibre agus iad ar an eolas gur féidir leo leas a bhaint as fostaíocht shuntasach, agus cosaintí eile, má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó má dhéanann siad dochar dóibh é sin a dhéanamh. In 2023, de réir an Achta, d'fhoilsigh an Roinn a [Beartas Nochtadh Cosanta](#) ina leagtar amach nósanna imeachta chun déileáil le nochtadh den sórt sin.

Claochlú na Seirbhíse Poiblí.

Ghlac an Roinn páirt i Seachtain um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2023. D'éascaigh ár rannóg nua Cultúir Eagraíochta Sprint Dearaidh iLabs i gcomhpháirtíocht le hAcadamh Nuálaíochta UCD. Chuir 50 ball foirne ó gach cearn dár rannáin, oifigí agus suíomhanna agus a rinne ionadaíocht ar gach grád modhanna Smaointeoireachta Dearaidh i bhfeidhm ar na dúshláin a bhaineann lenár nIonad Oibre sa Todhchaí. Ina theannta sin, réachtáladh roinnt Cainteanna Claochlaithe ar ghnéithe éagsúla den chaoi a bhfuil ceannairí nuálacha agus digiteacha ag athrú ár seirbhísí poiblí.

Dámhachtainí Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse (DSNS).

I mí an Mhárta 2023, bhuaigh Aonad Beartais na Roinne um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fuinnimh agus comhghleacaithe ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an gradam um Ghníomhú ar son na hAeráide as a gcuid oibre ar Ghnó Uirlisí Aeráide 4. Cuidíonn an Fhoireann Uirlisí le SMEanna tosú ar a dturas laghdaithe carbóin. Soláthraíonn sé dóibh an fhaisnéis go léir a theastaíonn uathu in aon acmhainn inrochtana amháin. Is féidir leo freisin plean gníomhaíochta ar son na haeráide saincheaptha a ghiniúint dá ngnóthaí agus na tacaíochtaí atá ar fáil ó ghníomhaireachtaí Stáit chun cabhrú leo.

Aonad an Chomhairleora Dlí.

Tá roinnt dlíodóirí cáilithe le taithí acu mar fhoireann in Aonad Dlí na Roinne. Is é an ról atá aige ná comhairle dlí neamhspleách atá soiléir, neamhchlaonta agus réasúnaithe a sholáthar don Aire agus d'oifigigh na Roinne ar chúrsaí dlí, dlíthíochta agus reachtaíochta. Tá an tAonad Dlí neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhme chomhairleach dhlíthiúil. Tugann an tAonad comhairle ar shaincheisteanna dlí a eascraíonn thar ghníomhaíochtaí uile na Roinne, mar shampla maidir le Scéimeanna Ginearálta Billí a fhorbairt agus i ndáil le bearta trasuímh dhlí an AE. Oibríonn an tAonad go dlúth le hOifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear trí réamhthuairimí dlí agus iarrataí ar chomhairle a chur faoi bhráid na hOifige sin maidir le saincheisteanna nua bunreachtúla agus dlí an AE, saincheisteanna a bhaineann le hábhar tras-Rialtasach agus saincheisteanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de, i gcomhréir le Lámhleabhar na Comh-Aireachta. Chomhlíon an tAonad Dlí na feidhmeanna seo ar fud Rannáin uile na Roinne in 2023.

Oibleagáidí na hEarnála Poiblí níos Leithne.

Cuimsíonn an [Códchleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016](#) ceanglas gur cheart Athbheithnithe Criticiúla Tréimhsiúla (ACTanna) ar Ghníomhaireachtaí Rialtais a dhéanamh gach cúig bliana. In 2023 chuir an Roinn tús le ACT den Choimisiún Iomaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí. Meastar go mbeidh an ACT críochnaithe in 2024.

Aguisín 1.

Billí a Achtaíodh in 2023

Gníomhartha Ionadaíochta chun Leasanna Comhchoiteanna Tomhaltóirí a Chosaint 2023 a achtaíodh ar an 11 Iúil 2023.

An tAcht um Rialú Onnmhairí 2023 a achtaíodh ar an 25 Deireadh Fómhair 2023.

An tAcht um Scagadh Idirbhearta Tríú Tíre 2023 a achtaíodh ar an 31 Deireadh Fómhair 2023.

Aguisín 2.

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2023	
Uimh. IR 28 de 2023	An tOrdú fán Acht um Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta 2022 (Tosach Feidhme Forálacha Áirithe) 2023
Uimh. IR 146 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantha i gCoinne Sáruithe agus Mí-Úsáidí Tromchúiseacha ar Chearta an Duine), 2023
Uimh. IR 147 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantha maidir leis an Iaráin) 2023
Uimh. IR 148 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré), 2023
Uimh. IR 149 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantha maidir leis an Túinéis) 2023
Uimh. IR 197 de 2023	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Earraí Contúirteacha a Iompar de Bhóthar agus Trealamh Brú Iniompair a Úsáid) (Leasú), 2023
Uimh. IR 207 de 2023	An tOrdú Fostaíochta Earnála (Earnáil na Foirgníochta) 2023
Uimh. IR 229 de 2023	An tOrdú um Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe (Grúpa Conraitheoirí Líne Chumhachta Forchostais), 2023
Uimh. IR 233 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Tiontú Trasteorann, Cumaisc agus Rannáin), 2023
Uimh. IR 255 de 2023	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Iarratas Ginearálta) (Leasú), 2023
Uimh. IR 260 de 2023	Rialacháin an Achta um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Leasú ar Sceideal 1), 2023
Uimh. IR 268 de 2023	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí a Bhaineann le Cosaint a Aistriú laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2023
Uimh. IR 292 de 2023	An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021 (Alt 35) (Tosach Feidhme) 2023
Uimh. IR 293 de 2023	An tOrdú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 897) 2023
Uimh. IR 294 de 2023	Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 2014 (Táillí), 2023
Uimh. IR 295 de 2023	Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Foirmeacha), 2023
Uimh. IR 255 de 2023	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Iarratas Ginearálta) (Leasú), 2023
Uimh. IR 268 de 2023	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí a Bhaineann le Cosaint a Aistriú laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2023
Uimh. IR 292 de 2023	An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021 (Alt 35) (Tosach Feidhme) 2023
Uimh. IR 293 de 2023	An tOrdú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 897) 2023

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2023

Uimh. IR 294 de 2023	Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 2014 (Táillí), 2023
Uimh. IR 295 de 2023	Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Foirmeacha), 2023
Uimh. IR 354 de 2023	An tAcht um Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta, 2022 (Tosach Feidhme Forálacha Áirithe) (Uimh. 2) Ordú 2023
Uimh. IR 359 de 2023	Rialacháin an Achta um Nochtadh Cosanta 2014 (An tAcht um Margaí Digiteacha) (Leasú), 2023
Uimh. IR 424 de 2023	An tOrdú um Rialáil Fostaíochta (Comhchoiste Saothair an Tionscail Slándála) 2023
Uimh. IR 439 de 2023	Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 2) 2023
Uimh. IR 469 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Tiontú Trasteorann, Cumaisc agus Rannáin) (Leasú), 2023
Uimh. IR 474 de 2023	Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 682), 2023
Uimh. IR 476 de 2023	Na Rialacháin an Achta Iomaíochta 2002 (Oifigigh Bhreithnithe), 2023
Uimh. IR 497 de 2023	An tOrdú um Pá Íosta Náisiúnta 2023
Uimh. IR 514 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantha maidir leis an Iaráin) (Uimh. 2) 2023
Uimh. IR 515 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantha i gCoinne Sáruithe agus Mí-úsáidí Tromchúiseacha ar Chearta an Duine) (Uimh. 2) 2023
Uimh. IR 516 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantha maidir leis an tSiria), 2023
Uimh. IR 517 de 2023	Na Rialacháin um an Acht Ceimiceán 2008 (Luaidhe i n-urchar i mBogaigh nó Timpeall orthu) 2023
Uimh. IR 591 de 2023	Na Rialacháin um Méadreolaíocht Dhlíthiúil (Measúnú Comhréireachta Eorpach ar Ionstraimí Tomhais) (Leasú), 2023
Uimh. IR 626 de 2023	An tAcht um Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta, 2022 (Tosach Feidhme Forálacha Áirithe) (Uimh. 3) Ordú 2023
Uimh. IR 627 de 2023	An tAcht um Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta, 2022 (Ainm an Bhoird a Athrú) 2023
Uimh. IR 646 de 2023	An tOrdú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A (1)) (Covid-19) 2023
Uimh. IR 647 de 2023	An tOrdú um Acht Cumann Tionscail agus Soláthair 1893 (Alt 14A (1)) (Covid-19), 2023
Uimh. IR 680 de 2023	Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 3) 2023

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2023

Uimh. IR 706 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianata maidir leis an tSiria) (Uimh. 2) 2023
Uimh. IR 707 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianata maidir le Poblacht Ghuine Bhissau) 2023
Uimh. IR 708 de 2023	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianata maidir leis an Iaráin) (Uimh. 4) 2023
Uimh. IR 709 de 2023	European Union (Restrictive Measures Concerning Iran) (No. 3) Regulations 2023
Uimh. IR 710 de 2023	European Union (Restrictive Measures Against Serious Human Rights Violations and Abuses) (No. 3) Regulations 2023
Uimh. IR 711 de 2023	European Union (Restrictive Measures Concerning the Democratic Republic of the Congo) (No. 2) Regulations 2023

Aguisín 3.

Soláthar Poiblí Glas

Éilíonn Ciorclán 20/2019 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go dtuairisceoidh Tuarascálacha Bliantúla gach Roinne ar sholáthar poiblí glas (SPG). Leagtar amach in Aguisín 3 deich n-earnáil tosaíochta atá liostaithe i ndoiciméad treorach 2021 an GCC Acmhainní | an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (epa.ie) don Earnáil Phoiblí agus léirítear ann luach iomlán na gconarthaí a d'eisigh an Roinn seo in 2023, ar luach os cionn €50,000* de réir earnála tosaíochta, a bhfuil SPS corpraithe acu. Tabhair faoi deara, chun críocha tuairiscithe, go bhfuil Táirgí agus Seirbhísí TFC roinnte ina dhá earnáil ar leith sa teimpléad (Táirgí TFC, Seirbhísí TFC).

Roghnaíodh na hearnálacha bunaithe ar chaiteachas; scóip le haghaidh feabhsú comhshaoil; tionchar ar sholáthraithe; ceannaireacht i leith acmhainneacht an mhargaidh; ábharthacht agus inrochtaineacht na gcrítear; infhaighteacht an mhargaidh agus éifeachtúlacht eacnamaíoch (i gcomhréir le beartas agus cleachtas an AE).

Teimpléad Tuairiscithe SPG - Bliain Thagartha 2023				
Bliain thagartha 2023	Líon iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €50,000 de réir earnála tosaíochta	Luach iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €50,000 de réir earnála tosaíochta. Ba chóir go mbeadh gach luach gan CBL san áireamh.	Líon iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €50,000 de réir earnála tosaíochta a bhfuil SPG corpraithe acu	Luach iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €50,000 de réir earnála tosaíochta a bhfuil SPG corpraithe acu. Ba chóir go mbeadh gach luach gan CBL san áireamh.
Earnáil Tosaíochta*				
Táirgí a Bhaineann le Fuinneamh, Seirbhísí Bia & Lónadóireachta, Trealamh Téimh, Dearadh Foirgnimh Oifige, Tógáil & Bainistíocht, Táirgí Páipéir & Seirbhísí Priontála, Soilsíú Laistigh & Lasmuigh, Táirgí & Seirbhísí Teicstíle, Iompar	Náid	Náid	Náid	Náid
Seirbhísí TFC	2	€1,250,000	2	€1,250,000
Seirbhísí Glantacháin Laistigh	1	€67,172	1	€67,172
Iomlán	3	€1,317,172	3	€1,317,172
Earnálacha Eile**				
Seirbhísí Gairmiúla	5	€748,000	Níl	Níl
Bainistíocht Áiseanna	1	€369,750	Níl	Níl
Taighde	1	€69,563	Níl	Níl
Ceadúnú	1	€180,000	Níl	Níl
Líon Foriomlán	11	€2,684,485	3	€1,317,172
* Deich n-earnáil a bhfuil critéir SPG forbartha ag an GCC ina leith, bunaithe ar chomhchritéir AE le hoiriúnuithe chun margadh na hÉireann agus cleachtais soláthair a léiriú. Tabhair faoi deara, chun críocha tuairiscithe, go bhfuil Táirgí agus Seirbhísí TFC roinnte ina dhá earnáil ar leith sa teimpléad (Táirgí TFC, Seirbhísí TFC). **Aon earnálacha eile nach bhfuil clúdaithe ag critéir SPG an GCC.				

Arna ullmhú ag an Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
gov.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland